



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA  
ĆAPETA  
arna tabhairt an 14 Samhain 2024<sup>1</sup>

Cás C-530/23 [Barafo]<sup>1</sup>

K.P.

páirtí uamtha:

Prokurator Rejonowy we Włocławku

(Iarraidh ar réamhrialú ó Sąd Rejonowy we Włocławku (Cúirt Dúiche, Włocławek, an Pholainn))

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Coimircí nós imeachta do dhaoine leochaileacha atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla – An ceart rochtana ar dhlíodóir – Treoir 2013/48/AE – Treoir (AE) 2016/1919 – Inghlacthacht na fianaise)

## I. Réamhrá

1. Cad iad na ceanglais shonracha a fhorchuirtear le dlí an Aontais ar údaráis náisiúnta agus iad i mbun nós imeachta coiriúil a bhaineann le daoine leochaileacha? Is é sin an snáithe coitianta atá taobh thiar de na 15 cheist a chuir an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo.
2. Baineann na ceisteanna sin le Treoir 2013/48<sup>2</sup> maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir agus le Treoir 2016/1919<sup>3</sup>, lena bhfeabhsaítear éifeachtacht an chirt sin trí oibleagáid a chur ar na Ballstáit cúnaimh dlíthiúil a áirithiú. Forchuirtear le hAirteagal 13 de Threoir 2013/48, chomh maith le hAirteagal 9 de Threoir 2016/1919, oibleagáid ar na Ballstáit riachtanais ar leith daoine leochaileacha a chur san áireamh.
3. Tá an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a fháil amach cad iad na hoibleagáidí nithiúla a thagann chun cinn d'údaráis náisiúnta atá i mbun nós imeachta coiriúil sa chomhthéacs sin, ós rud é go bhfuil an duine lena mbaineann sna príomhimeachtaí thíos le meabhairghalar agus, dá bhrí sin, gur duine leochaileach é.

<sup>1</sup> Bunteanga an cháis: an Béarla

<sup>1</sup> Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní ag tagairt d'fhíorainm páirtí ar bith sna himeachtaí atá sé.

<sup>2</sup> Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart go gcuirfí tríú páirtí ar an eolas tráth caillte na saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta le linn don tsaoirse a bheith caillte (IO 2013 L 294, lch. 1) ('Treoir 2013/48').

<sup>3</sup> Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnaimh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach (IO 2016 L 297, lch. 1) ('Treoir 2016/1919').

4. Cé gur thug an Chúirt aghaidh ar Threoir 2013/48 cheana féin, níor léirigh sí Treoir 2016/1919 riamh, seachas tagairt rite amháin<sup>4</sup> agus dornán tagairtí a rinne Abhcóidí Ghinearálta.<sup>5</sup>

## II. Fíorais, na ceisteanna a tarchuireadh agus an nós imeachta os comhair na Cúirte

5. Is duine é K.P. atá cúisithe i nós imeachta coiriúil, ar an gcéad dul síos, as 8.50 gram de channabas agus as 33.83 gram d’amfataimín a bheith aige, agus ar an dara dul síos, as tiomáint faoi thionchar substainte a bhfuil éifeacht chomhchosúil le halcól aici agus as amfataimín a bheith ina chuid fola. Tháinig na líomhaintí mar seo a leanas.

6. De réir na cúirte a rinne an tarchur, an 21 Iúil 2022, go gairid roimh mheán oíche, thug póilíní faoi deara feithicil a bhí ag tiomáint ó shráid go sráid ar bhealach aisteach agus ag astú fuaimeanna aisteacha. Chuaigh siad i dteagmháil leis an bhfeithicil a bhí K.P. ag tiomáint agus, tar éis labhairt leis, thiomáin siad leo.

7. Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin, fuair na póilíní céanna faisnéis raidió faoi imbhualladh idir dhá fheithicil, agus, ag smaoinemh go raibh feithicil K.P. ag teacht leis an gcur síos ar cheann de na carranna a bhí bainteach leis an imbhualladh, d’fhill siad ar an áit a bhfaca siad é den chéad uair. Bhí K.P. lasmuigh den fheithicil, bhí cuma neirbhíseach air, agus labhair sé ar bhealach mearbhlach. Cheistigh na póilíní é agus d’iarr siad air aon rud a d’fhéadfadh a bheith toirmiscthe a thabhairt ar lámh.

8. Dúirt K.P. nach raibh sé ag tiomáint na feithicle, agus thug sé na málaí plaisteacha a bhí ina sheilbh ina raibh púdar bán agus substaint ghlas thriomaithe. Tar éis glais lámh a chur air agus é a ghabháil (ar 00.05 an 22 Iúil 2022), tugadh go dtí an t-ospidéal é, áit a ndearnadh tástáil fola air chun aon láithreachtaí drugaí támhshuanacha a bhrath.

9. Tar éis tástáil a dhéanamh ar na substaintí agus tar éis a shuí gur cannabas agus amfataimín a bhí iontu, cuireadh i leith K.P. go raibh substaintí neamhdhleathacha ina sheilbh aige ar 12.15 an 22 Iúil 2022. Cuireadh in iúl dó go raibh sé de cheart aige cúnamh a fháil óna rogha dlíodóra agus gur féidir leis cúnamh dlíthiúil a iarraidh i gcás ina raibh gá leis mar gheall ar a staid eacnamaíoch. Cuireadh in iúl dó freisin go raibh sé de cheart aige éisteacht a fháil agus fanacht ina thost.

10. Níor tharscaoil K.P. a cheart cúnamh a fháil ó dhlíodóir, ná níor iarr sé go gceapfaí dlíodóir dó. Níl aon taifead ann go ndearna an póilín iarracht scrúdú a dhéanamh, le linn an cheistiúcháin sin, ar cé acu a bhí nó nach raibh an duine faoi dhrochamhras faoi thionchar támhshuanach nó ar a chumas na himeachtaí a tharla a thuiscint agus cuimhneamh orthu.

<sup>4</sup> Breithiúnas an 22 Meitheamh 2023, *K.B. agus F.S. (Ardú ex officio ar shárú in imeachtaí coiriúla)* (C-660/21, EU:C:2023:498, mír 44, 49 agus 53).

<sup>5</sup> Tuairimí an Abhcóide Ghinearálta Bobek in *Moro* (C-646/17, EU:C:2019:95, fonóta 15); an Abhcóide Ghinearálta Pikamäe in *Spetsializirana prokuratura (Litir na gceart)* (C-649/19, EU:C:2020:758, míreanna 53 agus 81); an Abhcóide Ghinearálta Pikamäe in *K.B. agus F.S. (Ardú ex officio ar shárú in imeachtaí coiriúla)* (C-660/21, EU:C:2023:52, fonóta 58); an Abhcóide Ghinearálta Ćapeta in *M.S. agus páirtithe eile (Cearta nós imeachta mionaoiseach)* (C-603/22, EU:C:2024:157, fonótaí 14 agus 34); agus an Abhcóide Ghinearálta Pikamäe in *1Dream, 1Dream agus páirtithe eile agus Lireva Investments agus FORTRESS FINANCE* (C-767/22, C-49/23 agus C-161/23, EU:C:2024:608, mír 55).

11. Shéan K.P. go ndearna sé an cion líomhnaithe; d'fhan sé ina thost agus dhiúltaigh sé an taifead a shíniú nó eolas a chur ar an gcáschomhad ag deireadh an imscrúdaithe. Níor taifeadh an ceistiúchán i bhfoirm chlosamhairc. Níor ghlac aon abhcóide cosanta páirt sa cheistiúchán, níor iarr an t-údarás imscrúdaithe ar an gcúirt abhcóide cosanta a cheapadh ach oiread. Scaoileadh K.P. saor ó choinneáil ar 12.31 an 22 Iúil 2022.

12. Le linn mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair 2022, cheistigh na póilíní síciatraí faoi mheabhairshláinte K.P. agus fuair an t-ionchúisitheoir poiblí a thaifid leighis ón ospidéal síciatrach inar chaith sé tréimhse mar othar.

13. Tar éis fhoilsiú thorthaí a thástála fola, an 7 Lúnasa 2022, cuireadh i leith K.P. freisin go raibh sé ag tiomáint faoi thionchar támhshuanach. Cuireadh an fhaisnéis sin in iúl do K.P. an 14 Deireadh Fómhair 2022, nuair a bhí sé ina othar in ospidéal síciatrach, áit a ndearnadh é a cheistiú ansin.

14. Mar a tharla le linn an cheistiúcháin an 22 Iúil 2022, rinneadh an dara ceistiú sin gan dlíodóir a bheith i láthair, níor iarr an t-ionchúisitheoir poiblí go gceapfadh cúirt dlíodóir do K.P., agus ní dhearnadh aon taifeadh closamhairc ar an gceistiúchán. Mar an gcéanna, cuireadh in iúl do K.P. go bhfuil sé de cheart aige cúnaimh a fháil ó dhlíodóir, go bhfuil sé de cheart aige cúnaimh dlíthiúil a iarraidh i gcás ina n-éilítear sin mar gheall ar a staid eacnamaíoch, faoina cheart éisteacht a fháil, agus faoina cheart fanacht ina thost. D'iarr K.P. rochtain ar a chomhad agus ar na cúiseanna lena chúiseamh, agus seachadadh gach ceann acu i scríbhinn chuig a mháthair an 27 Deireadh Fómhair 2022.

15. An 15 Nollaig 2022, thaisc an t-ionchúisitheoir poiblí an díotáil in aghaidh K.P. os comhair Sąd Rejonowy we Włocławku (Cúirt Dúiche, Włocławek, an Pholainn) cheap K.P. a dhlíodóir féin.

16. Le hordú an 28 Feabhra 2023, d'ordaigh an chúirt a rinne an tarchur d'ionchúisitheoir Oifig an Ionchúisitheora Dúiche in Włocławek an t-imscrúdú a fhorlónadh trí K.P. a cheistiú i láthair abhcóide cosanta agus trí thuairimí síciatraithe saineolacha a fháil maidir le staid mheabhairshláinte K.P. tráth na gcionta agus le linn na n-imeachtaí.

17. An 3 Márta 2023, rinne an t-ionchúisitheoir poiblí achomharc in aghaidh an ordaithe sin, inar áitigh sé nár ghá an fhianaise a fhorlónadh agus nach raibh forais sna taifid leighis a fuarthas cheana go ndéanfadh saineolaithe scrúdú ar K.P. chun staid a mheabhairshláinte a chinneadh. An 29 Márta 2023, sheas Sąd Okręgowy we Włocławku (Cúirt Réigiúnach, Włocławek, an Pholainn) le hachomharc an ionchúisitheora poiblí agus tharchuir sé an cás ar ais chuig an gcúirt a rinne an tarchur.

18. Measann an chúirt a rinne an tarchur nár cuireadh Treoir 2016/1919 agus Treoir 2013/48 chun feidhme i gceart agus go cuimsitheach i ndlíchóras na Polainne, rud a d'fhág gur sáraíodh na cearta a dheonaítear do K.P. le dlí an Aontais mar dhuine leochaileach.

19. I bhfianaise na bhfóras sin, chuir Sąd Rejonowy we Włocławku (Cúirt Dúiche, Włocławek), an chúirt a rinne an tarchur, na ceisteanna seo a leanas faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú:

- (1) An gcaithfear [Airteagal] 2(1)(b), [Airteagal] 4(5) agus [Airteagal] 9, i gcomhar le haithrisí 18, 19, 24 agus 27 de [Threoir 2016/1919], i gcomhar le h[Airteagal] 3(2)(a) agus (c) agus Airteagal 3(3)(a) de [Threoir 2013/48], arna léiriú i bhfianaise Ranna 6, 7, 11... agus 13 den [Mholadh ón gCoimisiún], a léiriú sa chaoi go dtugtar isteach leo riail atá éifeachtach go díreach agus éigeantach a fhágann nach gceadaítear gníomh a dhéanamh a bhaineann le duine leochaileach a cheistiú gan rannpháirtíocht abhcóide cosanta i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha fíorasacha maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú, más rud é, an tráth céanna, nach ndéanann an t-údarás atá i mbun imeachtaí réamhthrialach cúnamh dlíthiúil (lena n-áirítear cúnamh dlíthiúil éigeandála nó sealadach) gan moill mhíchúí agus sula gceistíonn na póilíní, údarás forfheidhmithe dlí eile nó údarás breithiúnach an duine lena mbaineann, nó sula ndéantar gníomhartha sonracha imscrúdaitheacha nó bailithe fianaise[?]
- (2) An gcaithfear [Airteagal] 2(1)(b), [Airteagal] 4(5) agus Airteagal 9, i gcomhar le haithrisí 18, 19, 24 agus 27 de [Threoir 2016/1919], i gcomhar le hAirteagal 1(2) [den Treoir sin], arna léiriú i bhfianaise Ranna 6, 7, 11...] agus 13 den [Mholadh ón gCoimisiún], d'ainneoin na gcoinníollacha fíorasacha chun sainaithint láithreach a dhéanamh, a léiriú sa chaoi nach gceadaítear in aon chás gan leochaileacht fhéideartha a shainaithint nó duine a aithint mar dhuine leochaileach agus an neamhábaltacht agóid a dhéanamh in aghaidh an mheasúnaithe ar a leochaileacht fhéideartha agus cúnamh dlíthiúil a dheonú do dhuine den sórt sin gan moill mhíchúí, i gcásanna a bhaineann le cionta a bhféadfadh pionós a ghearradh ina leith trí shrianadh sairse agus nach mór na himthosca maidir le gan abhcóide cosanta poiblí a shainaithint agus a sholáthar a lua go sainráite sa chinneadh, ar féidir agóid a dhéanamh ina leith, i bprionsabal, chun dul ar aghaidh chuig an gceistiúchán in éagmais dlíodóra[?]
- (3) An gcaithfear [Airteagal] 2(1)(b), [Airteagal] 4(5) agus [Airteagal] 9, i gcomhar le haithrisí 18, 19, 24 agus 27 de [Threoir 2016/1919], i gcomhar le hAirteagal 1(2) [den Treoir sin], arna léiriú i bhfianaise Roinn 3, mír 7, de [Mholadh ón gCoimisiún], a léiriú sa chaoi, i gcás nach dtugann Ballstát isteach toimhde leochaileachta in imeachtaí coiriúla, nach mór sin a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar dhuine atá faoi dhrochamhras tairbhiú den choimirce a leagtar síos in Airteagal 9 de [Threoir 2016/1919], arna léiriú i bhfianaise Roinn 11 de [Mholadh ón gCoimisiún], agus dá bhrí sin go bhfuil sé d'oibleagáid ar na húdaráis a riarann ceartas forálacha na Treorach a chur i bhfeidhm go díreach i gcás den sórt sin[?]
- (4) Má thugtar freagra dearfach ar cheann amháin ar a laghad de Cheisteanna 1, 2, ... nó 3, an bhfuil forálacha an dá threoir dá dtagraítear sna ceisteanna le léiriú mar chosc ar fhorálacha an dlí náisiúnta amhail:
  - (a) an dara habairt d'Airteagal 301 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil, faoina bhfuil duine atá faoi dhrochamhras le ceistiú le rannpháirtíocht an abhcóide cosanta ceaptha, arna iarraidh sin don duine atá faoi dhrochamhras, agus sa chás sin amháin, agus nach bac ar cheistiú é mura bhfuil an abhcóide cosanta i láthair nuair a dhéantar an duine atá faoi dhrochamhras a cheistiú;

- (b) Airteagal 79(1)(3) agus (4) den Chód um Nós Imeachta Coiriúil, faoina gcaithfidh cúisí (duine atá faoi dhrochamhras) abhcóide cosanta a bheith aige in imeachtaí coiriúla má tá amhras réasúnach ann i dtaobh cé acu a bhí nó nach raibh a chumas suntasacht an chiona a aithint nó a iompar a rialú, tráth déanta an chiona sin, in easnamh nó srianta go suntasach agus má tá amhras réasúnach ann i dtaobh cé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear dó páirt a ghlacadh sna himeachtaí nó an chosaint a dhéanamh ar bhealach neamhspleách réasúnach i bhfianaise staid a mheabhairshláinte[?]
- (5) An gceanglaítear le hAirteagal 3(2)(a), i gcomhar le hAirteagal 3(3)(b) de [Threoir 2013/48], i gcomhar le prionsabal na tosaíochta agus éifeacht dhíreach na dtreoracha, ar na húdaráis atá i mbun imeachtaí réamhthrialach, ar na cúirteanna agus ar aon údarás Stáit neamhaird a thabhairt ar fhorálacha den dlí náisiúnta atá ar neamhréir leis an Treoir sin, amhail na forálacha a liostaítear i gCeist 4, agus dá bhrí sin – mar gheall ar dhul in éag na tréimhse cur chun feidhme – rialacha na Treorach atá éifeachtach go díreach a chur in ionad na rialach náisiúnta thuasluaite[?]
- (6) An gcaithfear [Airteagal] 2(1)(b), [Airteagal] 4(5) agus [Airteagal] 9, i gcomhar le haithrisí 19, 24 agus 27, [den Treoir sin], a léiriú sa chaoi gur in éagmais cinnidh maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú, nó i gcás nach ndéonaítear cúnamh dlíthiúil do dhuine leochaileach nó do dhuine a thoirhdítear a bheith leochaileach faoi phointe 7 de Roinn 3... den [Mholadh ón gCoimisiún], agus tar éis sin mar gheall ar phóilíní nó údarás forfheidhmithe dlí eile gníomhartha imscrúdaithe a dhéanamh le rannpháirtíocht an duine sin, lena n-áirítear gníomhartha nach féidir a athrá os comhair na Cúirte, cuirtear oibleagáid ar an gcúirt náisiúnta a bhfuiltear os a comhair in imeachtaí coiriúla, agus ar aon údarás Stáit eile freisin atá ag riaradh an cheartais (agus mar sin údarás atá i mbun imeachtaí réamhthrialach) neamhaird a thabhairt ar fhorálacha den dlí náisiúnta atá ar neamhréir leis an Treoir, amhail na forálacha dá dtagraítear i gCeist 4, agus dá bhrí sin – mar gheall ar dhul in éag na tréimhse cur chun feidhme – rialacha na Treorach atá éifeachtach go díreach a chur in ionad na rialach náisiúnta thuasluaite, fiú i gcás ina gceapann an duine sin, tar éis an t-imscrúdú (nó an t-ionchúiseamh) a theacht chun críche agus tar éis don ionchúisitheoir poiblí díotáil a thabhairt os comhair na Cúirte, a rogha abhcóide cosanta[?]
- (7) An gcaithfear [Airteagal] 2(1)(b), [Airteagal] 4(5) agus [Airteagal] 9, i gcomhar le haithrisí 19, 24 agus 27 de [Threoir 2016/1919], i gcomhar le hAirteagal 1(2) de [Threoir 2016/1919], arna léiriú i bhfianaise Ranna 6, 7, 11 agus 13 den [Mholadh ón gCoimisiún], a léiriú sa chaoi go bhfuil sé d'oibleagáid ar Bhallstát a áirithiú go ndéanfar leochaileacht duine atá faoi dhrochamhras a shainaithint agus a aithint láithreach, agus go ndéonaítear cúnamh dlíthiúil do dhaoine atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla a thoirhdítear gur daoine leochaileacha iad, agus go bhfuil an cúnamh sin éigeantach fiú i gcás nach n-iarrfaidh an t-údarás inniúil ar shaineolaí neamhspleách scrúdú a dhéanamh ar mhéid na leochaileachta, ar riachtanais an duine leochailigh agus ar oiriúnacht aon bhirt a glacadh nó atá beartaithe in aghaidh an duine leochailigh go dtí go ndéanfar imscrúdú na saineolaithe neamhspleácha i gceart[?]
- (8) Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 7, an gcaithfear na forálacha thuasluaite den treoir agus den [Mholadh ón gCoimisiún] a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leo ar reachtaíocht náisiúnta amhail Airteagal 79(1)(3) agus (4) den Chód um Nós Imeachta Coiriúil, ar faoin airteagal sin nach ceanglaítear ar chúisí abhcóide cosanta a bheith aige in imeachtaí coiriúla ach amháin má tá amhras réasúnach ann nach raibh a chumas chun tábhacht an chiona a aithint nó a iompar a rialú, tráth déanta an chiona sin, in easnamh nó

srianta go suntasach agus má tá amhras réasúnach ann i dtaobh cé acu [atá nó nach bhfuil sé in ann] páirt a ghlacadh sna himeachtaí nó an chosaint a dhéanamh ar bhealach neamhspleách réasúnach i bhfianaise staid a mheabhairshláinte[?]

- (9) An gcaithfear [Airteagal] 2(1)(b), [Airteagal] 4(5) agus [Airteagal] 9, i gcomhar le haithrisí 19, 24 agus 27 de [Threoir 2016/1919], i gcomhar le hAirteagal 1(2) [den Treoir sin], arna léiriú i bhfianaise Ranna 6, 7, 11... agus 13 den [Mholadh ón gCoimisiún] agus prionsabal na toimhde leochaileachta, a léiriú sa chaoi gur cheart do na húdaráis inniúla (oifig an ionchúisitheora phoiblí, póilíní), ar a dhéanaí sula ndéanfaidh na póilíní nó údarás inniúil eile duine atá faoi dhrochamhras a cheistiú den chéad uair, leochaileacht an duine atá faoi dhrochamhras in imeachtaí coiriúla a shainaitheint agus a aithint láithreach agus a áirithiú go ndeonófar cúnamh dlíthiúil nó cúnamh éigeandála (sealadach) dó agus staonfaidh siad ón duine atá faoi dhrochamhras a cheistiú dtí go ndeonaítear cúnamh dlíthiúil nó cúnamh éigeandála (sealadach) don duine sin[?]
- (10) Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 9, an gcaithfear [Airteagal] 2(1)(b), [Airteagal] 4(5) agus [Airteagal] 9, i gcomhar le haithrisí 19, 24 agus 27, de [Threoir 2016/1919], i gcomhar le hAirteagal 1(2) [den Treoir sin], arna léiriú i bhfianaise Ranna 6, 7, 11 agus 13 den [Mholadh ón gCoimisiún], a léiriú sa chaoi go bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit na cúiseanna agus na critéir a leagan amach go soiléir ina ndlí náisiúnta maidir le haon eisceacht ar leochaileacht duine atá faoi dhrochamhras in imeachtaí coiriúla a shainaitheint agus a aithint láithreach agus a áirithiú go ndeonófar cúnamh dlíthiúil nó cúnamh éigeandála (sealadach) dó, agus gur cheart aon eisceacht a bheith comhréireach, teoranta ó thaobh ama de agus gan prionsabal na trialach córa a shárú, agus gur cheart iad a bheith i bhfoirm cinneadh nós imeachta lena n-údaraitear eisceacht shealadach, ar cheart, i bprionsabal, an ceart a bheith ag an bpáirtí athbhreithniú breithiúnach a iarraidh ina leith[?]
- (11) An gcaithfear an dara [fomhír] d'Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha [an Aontais Eorpaigh 'an Chairt'] i gcomhar le hAirteagal 3(2)(a) agus Airteagal 3(a) agus (b) de [Threoir 2013/48], i gcomhar le hAirteagal 1(2) agus aithris 27 [de Threoir 2016/1919], agus i gcomhar le hAirteagal 8 de [Threoir 2016/1919], a léiriú sa chaoi, i gcás nach ndeonaíonn an t-údarás breithiúnach cúnamh dlíthiúil agus nach sonraíonn sé na cúiseanna le cinneadh a dhéanamh gan cúnamh dlíthiúil a dheonú do dhuine a thoirhdítear a bheith leochaileach (i gcomhréir le Moltaí 7 agus 11 den [Mholadh ón gCoimisiún]), go bhfuil sé de cheart ag an duine sin leigheas éifeachtach a fháil, agus i ndáil leis an socrú sa dlí nós imeachta náisiúnta a leagtar amach in Airteagal 344a den Chód um Nós Imeachta Coiriúil, lena gceanglaítear an cás a tharchur ar ais chuig an ionchúisitheoir poiblí chun na gcríoch seo a leanas:
- (a) an t-údarás atá i mbun imeachtaí réamhthrialach leochaileacht an duine atá faoi dhrochamhras in imeachtaí coiriúla a shainaitheint agus a aithint;
  - (b) a chumasú don duine atá faoi dhrochamhras dul i gcomhairle lena abhcóide cosanta sula ndéanfar é a cheistiú;
  - (c) an duine atá faoi dhrochamhras a cheistiú i láthair abhcóide cosanta le taifeadh closamhairc den cheistiú féin; agus

- (d) a chumasú don abhcóide cosanta eolas a chur ar an gcáschomhad agus aon iarraidh ar fhianaise ón duine leochaileach agus ó dhlíodóir arna cheapadh go hoifigiúil nó ó dhlíodóir arna cheapadh ag an duine atá faoi dhrochamhras a chur isteach;

ar cheart é a mheas mar sin?

- (12) An gcaithfear Airteagal 4 den Chairt, i gcomhar le h[Airteagal] 6(1)[,(2) agus (3) CAE], i gcomhar le hAirteagal 3 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna dhéanamh sa Róimh an 4 Samhain 1950, arna leasú ina dhiaidh sin le Prótacail Uimh. 3, 5 agus 8 agus arna fhorlíonadh le Prótacal Uimh. 2, i gcomhar le toimhde na leochaileachta faoi Mholadh 7 den [Mholadh ón gCoimisiún], a léiriú sa chaoi gur íde mhídháonna atá i gceist le póilín nó duine eile atá údaraithe chun gníomh imscrúdaitheach a dhéanamh duine atá faoi dhrochamhras a cheistiú faoi dhálaí ospidéal shíciatraigh gan aird a thabhairt ar staid na héiginnteachta agus faoi choinníollacha saoirse an-teoranta chun tuairimí a thabhairt agus leochaileacht mheabhrach shonrach, agus in éagmais dlíodóra, agus dá bhrí sin, go ndícháilítear go hiomlán gníomh nós imeachta ceistiúcháin den sórt sin toisc go bhfuil sé contrártha do chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh[?]
- (13) Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 12, an gcaithfear na forálacha dá dtagraítear i gCeist 12 a léiriú sa chaoi go dtugtar cumhacht do (nó go gcuirtear oibleagáid ar) chúirt náisiúnta a éisteann cás in imeachtaí coiriúla – a thagann faoi raon feidhme [Threoir 2016/1919], i gcomhar le Moladh 7 den [Mholadh ón gCoimisiún] agus raon feidhme [Threoir 2013/48] – agus d’aon údarás coiriúil eile a dhéanann gníomhartha nós imeachta sa chás, neamhaird a thabhairt ar fhorálacha den dlí náisiúnta atá ar neamhréir leis an Treoir, lena n-áirítear go háirithe Airteagal 168a den Chód um Nós Imeachta Coiriúil, agus dá bhrí sin – mar gheall ar dhul in éag na tréimhse cur chun feidhme – rialacha na Treorach atá éifeachtach go díreach a chur in ionad na rialach náisiúnta thuasluaite, fiú i gcás ina gceapann an duine sin, tar éis an t-imscrúdú (nó an t-ionchúiseamh) a theacht chun críche agus tar éis don ionchúisitheoir poiblí díotáil a thabhairt os comhair na Cúirte, a rogha comhairleora cosanta[?]
- (14) An gcaithfear [Airteagal] 2(1)(b), [Airteagal] 4(5) agus [Airteagal] 9, i gcomhar le haithrisí 19, 24 agus 27 de [Threoir 2016/1919], i gcomhar le hAirteagal 3(2)(a), (b) agus (c) agus Airteagal 3(3)(b) de [Threoir 2013/48], i gcomhar leis an dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE agus prionsabal na héifeachtachta i ndlí an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi go bhfuil sé d’oibleagáid ar an ionchúisitheoir poiblí, agus é ag gníomhú ag an gcéim réamhthrialach in imeachtaí coiriúla, gníomhú go hiomlán i gcomhréir le ceanglais Threoir 2016/1919 a bhfuil éifeacht dhíreach acu agus, ar an gcaoi sin, a áirithiú go dtugtar cosaint dlí éifeachtach do dhuine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a chumhdaítear le cosaint na treorach thuasluaite sna himeachtaí ó cibé acu de na pointí ama seo a leanas is luaithe:
- (a) sula gceisteoidh na póilíní nó údarás forfheidhmithe dlí nó údarás breithiúnach eile iad;
- (b) nuair a dhéanfaidh údaráis imscrúdúcháin nó údaráis inniúla eile gníomh imscrúdaitheach nó gníomh bailithe fianaise eile i gcomhréir le hAirteagal 3(3)(c) de Threoir 2013/48;

(c) gan moill mhíchuí tar éis cailleadh saoirse (is é sin le rá[,]) fanacht in ospidéal síciatrach freisin) agus, más gá, tá sé d'oibleagáid ar an ionchúisitheoir poiblí neamhaird a thabhairt ar aon ordú ó ionchúisitheoirí uachtaracha más deimhin leis go ndéanfaí dochar do chosaint éifeachtach duine atá faoi dhrochamhras a thiomhdítear a bheith leochaileach, lena n-áirítear ceart an duine sin chun triail chóir a fháil nó aon cheart eile a thugtar dó le [Treoir 2016/1919], i gcomhar le [Treoir 2013/48][?]

(15) Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 14, an gcaithfear an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE lena leagtar síos prionsabal na cosanta dlí éifeachtaí, i gcomhar le hAirteagal 2 CAE, i gcomhar le prionsabal na hurraime don smacht reachta, arna léiriú i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais (féach breithiúnas an 27 Bealtaine 2019 [(OG and PI (Oifigí an Ionchúisitheora Phoiblí, Lübeck agus Zwickau) 18 agus C-82/19 PPU, EU:C:2019:456]), C-508/18), agus prionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh a bhunaítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den [Chart], arna léiriú i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais (féach breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juizes Portugueses*, C-64/16, EU:C:2018:[1]17), a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis na prionsabail sin, i bhfianaise na féidearthachta go n-eiseodh an tArd-Ionchúisitheoir Poiblí nó ionchúisitheoirí poiblí ar chéim níos airde teoracha ceangailteacha d'ionchúisitheoirí ar leibhéal níos ísle lena gcuirtear d'oibleagáid ar ionchúisitheoirí ar chéim níos ísle neamhaird a thabhairt ar rialacha an Aontais atá éifeachtach go díreach nó bac a chur ar a gcur i bhfeidhm, ar reachtaíocht náisiúnta lena sonraítear go bhfuil oifig an ionchúisitheora le bheith spleách go díreach ar údarás feidhmiúcháin, is é sin le rá an tAire Dlí agus Cirt, agus go gcuirtear bac leo freisin ar rialacha náisiúnta a bheith ann lena gcuirtear teorainn le neamhspleáchas an ionchúisitheora phoiblí agus dlí an Aontais á chur i bhfeidhm, go háirithe:

(a) [Airteagal] 1(2), [Airteagal] 3(1)(1) agus (3), [Airteagal] 7(1) go (6) agus (8), agus [Airteagal] 13(1) agus (2) de Ustawa z dnia 28 stycznia 2016 roku Prawo o prokuraturze (Dlí an 28 Eanáir 2016 maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí), ina sonraítear go bhfuil sé de cheart ag an Aire Dlí agus Cirt, arb é an tArd-Ionchúisitheoir Poiblí agus an t-údarás is airde d'oifig an ionchúisitheora phoiblí é freisin, teoracha a eisiúint atá ina gceangal ar ionchúisitheoirí poiblí ar chéim níos ísle freisin a mhéid a chuirtear srian nó bac ar chur i bhfeidhm díreach dhlí an Aontais leo[?]

20. Chuir Oifig an Ionchúisitheora Dúiche Włocławek (an Pholainn), Rialtais na Seice agus na Polainne agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach.

21. Níor tionóladh aon éisteacht.

### III. An dlí lena mbaineann

#### A. Treoir 2013/48

22. Leagtar amach in Airteagal 3(1) go (3) de Threoir 2013/48 an ceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla mar seo a leanas:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart rochtana ag daoine atá faoi dhrochamhras agus ag daoine cúisithe ar dhlíodóir laistigh de theorainn ama agus ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh na daoine lena mbaineann in ann a gcearta cosanta a fheidhmiú go praiticiúil agus go héifeachtach.

2. Beidh rochtain ag daoine atá faoi dhrochamhras nó ag daoine atá cúisithe ar dhlíodóir gan moill mhíchuí. In aon chás, beidh rochtain ag daoine atá faoi dhrochamhras nó ag daoine atá cúisithe ar dhlíodóir ó cibé acu de na pointí ama seo a leanas is luaithe:

- (a) sula gceisteoidh na póilíní nó údarás forfheidhmithe dlí nó údarás breithiúnach eile iad;
- (b) tar éis d'údaráis imscrúdúcháin nó d'údaráis inniúla eile gníomh imscrúdaitheach nó gníomh bailithe fianaise eile a dhéanamh i gcomhréir le pointe (c) de mhír 3;
- (c) gan moill mhíchuí tar éis cailleadh saoirse;
- (d) i gcás ina gcuirtear toghairm orthu chun teacht os comhair cúirte a bhfuil dlínse aici in ábhair choiriúla, in am trátha sula dtagann siad os comhair na cúirte sin.

3. Beidh an méid seo a leanas i gceist leis an gceart rochtana ar dhlíodóir:

- (a) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag daoine atá faoi dhrochamhras nó ag daoine atá cúisithe bualadh go príobháideach agus cumarsáid a dhéanamh leis an dlíodóir a dhéanann ionadaíocht orthu, lena n-áirítear sula ndéanfaidh na póilíní nó údarás forfheidhmithe dlí nó údarás breithiúnach eile iad a cheistiú;
- (b) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag daoine atá faoi dhrochamhras nó ag daoine atá cúisithe a ndlíodóir a bheith i láthair agus páirt éifeachtach a ghlacadh nuair a cheisteofar iad. Beidh an rannpháirtíocht sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta faoin dlí náisiúnta, ar choinníoll nach ndéanann na nósanna imeachta sin dochar d'fheidhmiú éifeachtach agus do bhunbhí an chirt lena mbaineann. I gcás ina nglacfaidh dlíodóir páirt le linn an cheistiúcháin, déanfar a nótáil gur tharla an rannpháirtíocht sin trí úsáid a bhaint as an nós imeachta taifeadta i gcomhréir le dlí an Bhallstáit lena mbaineann;
- (c) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag daoine atá faoi dhrochamhras nó ag daoine atá cúisithe, ar a laghad, a ndlíodóir a fhreastal ar na gníomhartha imscrúdaitheacha nó na gníomhartha bailithe fianaise seo a leanas i gcás ina bhforáiltear do na gníomhartha sin faoin dlí náisiúnta agus má cheanglaítear ar an duine atá faoi dhrochamhras nó ar an duine atá cúisithe freastal ar an gníomh lena mbaineann nó má cheadaítear dó freastal air:
  - (i) paráidí aitheantais;
  - (ii) achrainn;
  - (iii) athchruthuithe láithreacha coire.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

23. Foráiltear le hAirteagal 12 de Threoir 2013/48, dar teideal 'Leigheasanna', mar seo a leanas:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leigheas éifeachtach faoin dlí náisiúnta ag daoine atá faoi dhrochamhras nó ag daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, chomh maith le daoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, i gcás sárú ar na cearta faoin Treoir seo.

2. Gan dochar do rialacha agus córais náisiúnta maidir le hinghlacthacht na fianaise, áiritheoidh na Ballstáit, in imeachtaí coiriúla, agus measúnú á dhéanamh ar ráitis arna ndéanamh ag daoine atá faoi dhrochamhras nó ag daoine atá cúisithe nó ar fhianaise a fhaightear de shárú ar a gceart chun dlíodóra nó i gcásanna ina n-údaráítear maolú ar an gceart sin i gcomhréir le hAirteagal 3(6), go n-urramófar cearta na cosanta agus cothroime na n-imeachtaí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

24. Ar deireadh, luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 13 de Threoir 2013/48, dar teideal ‘Daoine leochaileacha’:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear riachtanais ar leith daoine leochaileacha atá faoi dhrochamhras agus daoine leochaileacha atá cúisithe san áireamh i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

### **B. Treoir 2016/1919**

25. Le Treoir 2016/1919 rialáítear soláthar cúnamh dhlíthiúil do dhaoine atá faoi dhrochamhras, do dhaoine atá cúisithe nó do dhaoine iarrtha faoi bharántas gabhála Eorpach.<sup>6</sup> Sainítear a raon feidhme in Airteagal 2(1) mar a leanas:

‘Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla a bhfuil ceart rochtana ar dhlíodóir acu de bhun Threoir 2013/48/AE agus ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

- (a) cailleadh a saoirse;
- (b) ceanglaítear orthu cúnamh a fháil ó dhlíodóir i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta; nó
- (c) ceanglaítear orthu nó ceadaítear dóibh freastal ar ghníomh imscrúdaitheach nó ar ghníomh bailithe fianaise, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:
  - (i) paráidí aitheantais;
  - (ii) achrainn;
  - (iii) athchruthuithe láithreacha coire.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

26. In Airteagal 3 de Threoir 2016/1919, sainmhínítear cúnamh dlíthiúil mar ‘cistiú ó Bhallstát le haghaidh cúnamh dlíodóra, lena bhféadfar an ceart rochtana ar dhlíodóir a fheidhmiú.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

<sup>6</sup> De réir Airteagal 1(2) de Threoir 2016/1919: ‘Is comhlánú í an Treoir seo ar Threoracha 2013/48/AE agus (AE) 2016/800. Ní léireofar aon ní sa Treoir seo sa chaoi go gcuirfear teorainn leis na cearta dá bhforáiltear sna Treoracha sin mar gheall air.’  
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

27. Le hAirteagal 4 de Threoir 2016/1919, rialaítear na coinníollacha maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú in imeachtaí coiriúla mar a leanas:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil ag daoine atá faoi dhrochamhras agus ag daoine cúisithe nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun íoc as cúnamh dlíodóra nuair is gá sin ar mhaithe leis an gceartas.

2. Féadfaidh na Ballstáit tástáil acmhainne, tástáil fiúntais, nó an dá rud, a chur i bhfeidhm chun a chinneadh an bhfuil cúnamh dlíthiúil le deonú i gcomhréir le mír 1.

3. I gcás ina gcuirfidh Ballstát tástáil acmhainne i bhfeidhm, cuirfidh sé san áireamh na tosca ábhartha agus oibiachtúla uile, amhail ioncam, caipiteal agus staid teaghlaigh an duine lena mbaineann, chomh maith leis na costais a bhaineann le cúnamh dlíodóra agus an caighdeán maireachtála sa Bhallstát sin, chun a chinneadh, i gcomhréir leis na critéir is infheidhme sa Bhallstát sin, cé acu atá nó nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag duine atá faoi dhrochamhras nó ag duine atá cúisithe chun íoc as cúnamh dlíodóra.

4. I gcás ina gcuirfidh Ballstát tástáil fiúntais i bhfeidhm, cuirfidh sé san áireamh tromchúis an chiona choiriúil, castacht an cháis agus déine an smachtbhanna atá i gceist, chun a chinneadh an gá cúnamh dlíthiúil a dheonú ar mhaithe leis an gceartas. In aon chás, measfar gur comhlíonadh an tástáil fiúntais sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina dtugtar duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe os comhair cúirt inniúil nó breitheamh inniúil chun cinneadh a dhéanamh maidir le coinneáil ag aon chéim de na himeachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo; agus

(b) le linn coinneála.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndeonófar cúnamh dlíthiúil gan moill mhíchúí, agus ar a dhéanaí sula ndéanfaidh na póilíní, údarás forfheidhmithe dlí eile nó údarás breithiúnach é a cheistiú, nó sula ndéanfar na gníomhartha imscrúdaitheacha nó na gníomhartha bailithe fianaise dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 2(1).

6. Ní dheonófar cúnamh dlíthiúil ach amháin chun críocha na n-imeachtaí coiriúla ina bhfuil an duine lena mbaineann faoi dhrochamhras nó cúisithe as cion coiriúil a dhéanamh.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

28. Faoi Airteagal 8 de Threoir 2016/1919, ‘áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leigheas éifeachtach faoin dlí náisiúnta ag daoine atá faoi dhrochamhras, ag daoine atá cúisithe agus ag daoine iarrtha i gcás sárú ar a gcearta faoin Treoir seo.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

29. Ar deireadh, foráiltear le hAirteagal 9 de Threoir 2016/1919, dar teideal ‘Daoine leochaileacha’, go n-áiritheoidh na Ballstáit ‘go gcuirfear riachtanais ar leith daoine leochaileacha atá faoi dhrochamhras, daoine leochaileacha atá cúisithe agus daoine leochaileacha iarrtha san áireamh i gcur chun feidhme na Treorach seo.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

#### IV. Anailís

30. Baineann na 15 cheist a chuir an chúirt a rinne an tarchur le gnéithe éagsúla den nós imeachta coiriúil nuair a bhíonn duine leochaileach i gceist. Brisfidh mé m'anailís ar na ceistanna seo i gcúig thopaic, agus anailís á déanamh i ngach ceann acu ní hamháin ar shubstaint na ceiste, ach freisin ar na hagóidí maidir le neamh-inghlachtacht a d'ardaigh cuid de na rannpháirtithe sa nós imeachta.

31. Baineann na chéad 14 cheist le ceithre thopaic a rialaítear le Treoracha 2013/48 agus 2016/1919: leochaileacht, leigheasanna éifeachtacha, íde mhídhaonna nó tháireach, agus éifeacht dhíreach. Baineann an cúigiú ceist déag le neamhspleáchas an ionchúisitheora phoiblí, ábhar atá lasmuigh de raon feidhme an dá Threoir sin. Tar éis dom anailís ghairid a dhéanamh ar infheidhmeacht an dá threoir (Roinn A), tabharfaidh mé aghaidh ar gach ceann de na cúig thopaic ar a seal (Ranna B go F).

##### A. *Infheidhmeacht an dá threoir atá i gceist*

32. De réir Airteagal 2(1) de Threoir 2013/48, tá feidhm ag an Treoir sin 'ón tráth a chuireann údarás inniúla Ballstáit [daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe] ar an eolas, trí fhógra oifigiúil nó eile, go bhfuil siad faoi dhrochamhras nó cúisithe as cion coiriúil a dhéanamh, gan beann ar cé acu a cailleadh nó nár cailleadh a saoirse'. Shonraigh an Chúirt cheana féin go n-áirítear leis sin cumarsáid i gcibé foirm; dá bhrí sin, ní bhaineann an chaoi ar shroich sé an duine lena mbaineann le hábhar.<sup>7</sup>

33. Agus na fíorais mar a chuirtear i láthair iad i míreanna 7 go 9 thuas á gcur san áireamh, is léir go raibh feidhm ag Treoir 2013/48 maidir le K.P. ón nóiméad a d'iarr na póilíní air aon substaint neamhdhleathach a thabhairt ar lámh, ansin a cuireadh glais lámh air agus a coinníodh é.<sup>8</sup>

34. Thairis sin, luaitear in Airteagal 2(1) de Threoir 2016/1919 go bhfuil feidhm aici maidir le daoine a bhfuil sé de cheart acu cúnaimh a fháil ó dhlíodóir faoi Threoir 2013/48 agus a gcailltear, *inter alia* a saoirse nó a gceanglaítear orthu cúnaimh a fháil ó dhlíodóir faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

35. Dá bhrí sin, braitheann an cheist maidir le cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag Treoir 2016/1919 maidir le K.P. ar cé acu atá nó nach bhfuil sé de cheart aige cúnaimh a fháil ó dhlíodóir faoi Threoir 2013/48.

36. Faoi Airteagal 3(2) de Threoir 2013/48, 'beidh rochtain ag daoine atá faoi dhrochamhras nó ag daoine atá cúisithe ar dhlíodóir gan moill mhíchu'. Faoi Airteagal 3(2)(a), is amhlaidh a bheidh in aon chás ar a laghad 'sula ndéanfaidh na póilíní nó údarás forfheidhmithe dlí eile nó údarás

<sup>7</sup> Breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Rayonna prokuratura Lovech, teritorialno otdelenie Lukovit (Cuardach pearsanta)* (C-209/22, EU:C:2023:634, mír 37). Maidir leis an ailíniú idir an léiriú leathan sin agus cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek in *VW (Ceart rochtana ar dhlíodóir i gcás neamhláithriú)* (C-659/18, EU:C:2019:940, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

<sup>8</sup> Ar an gcaoi chéanna, meastar go bhfuil duine faoi dhrochamhras agus, dá bhrí sin, laistigh de raon feidhme na Treorach sin i gcás ina ndéanann póilíní 'cuardach pearsanta ar an duine lena mbaineann agus an méid a luaigh sé a bheith ina sheilbh a urghabháil, bunaítear leis na gníomhartha sin, ar an gcéad dul síos, go bhfuil amhras ar údarás inniúil anois faoin duine sin agus, ar an dara dul síos, go gcuirtear an duine sin ar an eolas, go hintuigthe ach go riachtanach, faoin amhras sin'. Féach breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Rayonna prokuratura Lovech, teritorialno otdelenie Lukovit (Cuardach pearsanta)* (C-209/22, EU:C:2023:634, mír 43).

breithiúnach iad a cheistiú'. Luaitear in Airteagal 4(5) de Threoir 2016/1919, an tráth céanna, go bhfuil cúnamh dlíthiúil le deonú 'gan moill mhíchúí, agus ar a dhéanaí sula gceisteoidh na póilíní é' ag údarás forfheidhmithe dlí eile nó údarás breithiúnach.

37. Dá bhrí sin, tagaim ar an gconclúid, faoi Threoir 2013/48, gur cheart do K.P. cúnamh a fháil ó dhlíodóir<sup>9</sup> agus, dá bhrí sin, go raibh sé laistigh de raon feidhme Threoir 2016/1919.<sup>10</sup>

### ***B. Leochaileacht (ceisteanna 1, 2, 3, 7, 9, and 10)***

38. Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcuirtear cosc ar na húdaráis i nós imeachta coiriúil mar gheall ar leochaileacht duine an duine sin a cheistiú gan rannpháirtíocht abhcóide cosanta agus gan cúnamh dlíthiúil a dheonú nuair a chomhlíontar na coinníollacha ina leith.

39. Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i gcásanna ina bhfuil an duine lena mbaineann cúisithe as gníomh coiriúil a bhféadfar cailleadh saoirse a ghearradh mar phionós ina leith a dhéanamh, an gá a shonrú go sainráite i gcinneadh nach ndearnadh leochaileacht an duine sin a shainaithint, arb é sin an coinníoll é chun ceistiú a dhéanamh gan abhcóide cosanta a bheith i láthair.

40. Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an dtugtar isteach le Treoir 2016/1919 agus Treoir 2013/48 toimhde leochaileachta a bhfuil sé d'oibleagáid ar údaráis na mBallstát a urramú le linn an nós imeachta choiriúil.

41. Lena seachtú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur faoi na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar údaráis náisiúnta le Treoir 2013/48 agus Treoir 2016/1919 maidir lena áirithiú go n-aithnítear leochaileacht agus freisin maidir leis na cearta sa nós imeachta coiriúil a thagann chun cinn mar sin don duine lena mbaineann.

42. Lena naoú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil oibleagáid ar na húdaráis inniúla sa nós imeachta coiriúil leochaileacht duine atá faoi dhrochamhras a shainaithint agus a aithint láithreach, cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil dóibh agus staonadh ó cheistiú a dhéanamh orthu go dtí go gcuirfean an cúnamh sin ar fáil.

43. Ar deireadh, lena deichiú ceist, i gcás freagra dearfach ar an naoú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcaithfidh na Ballstáit, ina reachtaíocht, cúiseanna agus critéir mhionsonraithe a sholáthar maidir le haon eisceacht ó leochaileacht a shainaithint agus a aithint láithreach agus ó sholáthar cúnaimh dhlíthiúil ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, fiafraíonn sí an gcaithfidh eisceacht den sórt sin a bheith comhréireach, teoranta ó thaobh ama de agus an gcaithfean urraim a thabhairt do phrionsabal na trialach córa léi, nach mór an ceart a bheith ag an bpáirtí lena mbaineann athbhreithniú breithiúnach a iarraidh ina choinne.

<sup>9</sup> Níl aon fhaisnéis sa cháschomhad a thabharfadh le fios gur tharscaoil K.P. a cheart cúnamh a fháil ó dhlíodóir. Dá ndéanfadh sé amhlaidh, áfach, bheadh an fhreagracht bhreise ar na húdaráis 'faisnéis shoiléir leordhóthanach a chur ar fáil do K.P., i dteanga shimplí shothuigthe, ag féachaint dá riocht mar dhuine leochaileach, maidir le hábhar [an chirt cúnamh a fháil ó dhlíodóir] agus maidir leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtarscaoilfi é'. Breithiúnas an 14 Bealtaine 2024, *Stachev* (C-15/24 PPU, EU:C:2024:399, mír 64).

<sup>10</sup> An cheist maidir le cé acu a bhí nó nach raibh sé incháilithe chun cúnamh dlíthiúil a fháil faoi choinníollacha Threoir 2016/1919, is ábhar difriúil é sin a dtabharfaidh mé aghaidh air i Roinn IV.B.2 thíos.

44. Tá gné choiteann de na ceisteanna sin ag brath ar choincheap na leochaileachta agus ar oibleagáidí na n-údarás náisiúnta í a shainaitheint go tráthúil agus iarmhairtí cuí a chur i bhfeidhm dá réir sin. Sa mhéid seo a leanas, cuirfidh mé treoraíocht ar fáil dá bhrí sin maidir le cé atá ina dhuine leochaileach (foroinn 1), agus ina dhiaidh sin léiríú an dá threoir agus na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar údarás náisiúnta leo nuair is duine leochaileach an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe (foroinn 2).

### 1. Cé atá ina dhuine leochaileach?

45. In 2009, d'iarr an Chomhairle cur chuige céim ar chéim maidir le cearta éagsúla níos imeachta sa níos imeachta coiriúil a rialáil, lena n-áirítear coimircí speisialta do dhaoine leochaileacha atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine leochaileacha atá cúisithe.<sup>11</sup> Mar sin féin, go dtí seo, níor baineadh amach an uailmhian reachtach sin, a mhéid a bhaineann le daoine leochaileacha,<sup>12</sup> ach amháin i ndáil le leanaí atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe sa níos imeachta coiriúil.<sup>13</sup>

46. In éagmais tuilleadh reachtaíochta de chuid an Aontais lena sainmhínítear leochaileacht sa níos imeachta coiriúil ar bhonn níos leithne,<sup>14</sup> d'fhoilsigh an Coimisiún moladh maidir le coimircí níos imeachta do dhaoine leochaileacha atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine leochaileacha atá cúisithe in imeachtaí coiriúla.<sup>15</sup>

47. Sainmhínítear daoine leochaileacha ann mar dhaoine 'nach bhfuil in ann imeachtaí coiriúla a thuiscint agus páirt éifeachtach a ghlacadh iontu mar gheall ar aois, a riocht meabhrach nó fisiceach nó míchumais'.<sup>16</sup>

48. Ina theannta sin, tugtar isteach leis an Moladh ón gCoimisiún toimhde na leochaileachta, ina dtugtar an méid seo a leanas le fios: 'ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le toimhde leochaileachta go háirithe i gcás daoine a bhfuil lagú tromchúiseach síceolaíoch, intleachtúil, fisiceach nó céadfach orthu, nó a bhfuil meabhairghalar nó neamhoird chognaíoch orthu, rud a chuireann bac orthu na himeachtaí a thuiscint agus páirt éifeachtach a ghlacadh iontu.'<sup>17</sup>

<sup>11</sup> Rún ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le Treochlár chun cearta níos imeachta daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla a neartú (IO 2009 C 295, lch. 1).

<sup>12</sup> D'admhaigh an Coimisiún nach bhfuil aon chomhdhearcaid i measc na mBallstát maidir le coincheap na leochaileachta ina dhoiciméad oibre foirne dar teideal *Measúnú Iarmharta – A ghabhann leis an doiciméad – Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle – Togra le haghaidh coimircí níos imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla*, an 27 Samhain 2013 SWD(2013) 480 final, lgh. 12 go 28.

<sup>13</sup> Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí níos imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 132, lch. 1), aithrisí 4 go 6.

<sup>14</sup> Mergaerts, L., 'Defence lawyers' views on and identification of suspect vulnerability in criminal proceedings', *International Journal of the Legal Profession*, Iml. 29(3), 2022, lgh. 281 agus 283.

<sup>15</sup> Moladh ón gCoimisiún an 27 Samhain 2013 maidir le coimircí níos imeachta do dhaoine leochaileacha atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine leochaileacha atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO 2013 C 378, lch. 8) ('Moladh ón gCoimisiún'). Chun critic ar an Moladh sin a fháil ina luaitear gur moladh ginearálta agus doiléir é, féach Meysman, M., 'Quo vadis with vulnerable defendants in the EU?', *European Criminal Law Review*, Iml. 4(2), 2014, lgh. 179 agus 188.

<sup>16</sup> Moladh ón gCoimisiún, aithris 1. Chun critic a fháil ina luaitear go bhfuil an sainmhíniú sin róchúng, féach Waddington, L., 'Exploring vulnerability in EU law: An analysis of "vulnerability" in EU criminal law and consumer protection law', *European Law Review* Iml. 45(6), 2020, lgh. 779 agus 791.

<sup>17</sup> Moladh ón gCoimisiún, mír 7. Shainaitheint an Coimisiún daoine a bhfuil riochtaí meabhracha orthu (mar shampla, daoine a bhfuil riocht síciatrach orthu amhail scitsifréine) mar dhaoine leochaileacha in 2003. Féach an Páipéar Uaine ón gCoimisiún dar teideal *Procedural Safeguards for Suspects and Defendants in Criminal Proceedings throughout the European Union* [Coimircí Níos Imeachta do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do chosantóirí in imeachtaí coiriúla ar fud an Aontais Eorpaigh] (COM(2003) 75 final).

49. Is iondúil go mbíonn sé níos deacra meabhairghalar agus neamhoird mheabhracha a shainaithint ná leochaileacht mar thoradh ar aois óg, agus tá an litríocht cáinteach maidir le cinneadh an Choimisiúin dul ar aghaidh le treoir maidir le leanáí amháin, agus gan ach moladh amháin a thabhairt chun daoine fásta leochaileacha a chosaint.<sup>18</sup>

50. Is gníomh neamhcheangailteach é an Moladh ón gCoimisiún nach bhfuil an fheidhm dlíthiúil is gá aige chun oibleagáidí cinntitheacha a fhorchur ar údaráis náisiúnta sa nós imeachta coiriúil.

51. Cé gur chinn an Chúirt in *Grimaldi*<sup>19</sup> gur cheart do chúirteanna náisiúnta moltaí a chur san áireamh, ní chiallaíonn an cinneadh sin go bhfuil moltaí de chineál ceangailteach ó thaobh dlí de. Níor mheas an Chúirt ach nach féidir neamhaird a dhéanamh de mholtaí agus noirm eile dlí an Aontais á léiriú, ach níor thug sí le fios go gcruthaítear leo aon oibleagáid maidir leis an toradh. Dá bhrí sin, ní fhorchuirtear le moltaí ar chúirteanna náisiúnta oibleagáid léiriú comhréireach a dhéanamh.

52. Ós rud é gur iarr an Chomhairle ar na Ballstáit an Moladh ón gCoimisiún a ‘chur san áireamh’<sup>20</sup> ní athraítear a chineál neamhcheangailteach ach oiread. Go deimhin, níor thug ach Ballstát amháin fógra don Choimisiún fiú maidir leis na bearta is gá chun éifeacht a thabhairt don mholadh sin.<sup>21</sup>

53. Dá bhrí sin, níl an sainmhíniú ar dhuine leochaileach ná an toimhde leochaileachta i leith daoine a bhfuil lagú, tinnis nó neamhoird áirithe orthu, mar a mholtar sa Mholadh ón gCoimisiún (féach míreanna 47 agus 48 den Tuairim seo), ceangailteach ar na Ballstáit.

54. In éagmais aon fhoráil níos sonraí i ndlí an Aontais seachas an Moladh ón gCoimisiún, fághtar na forálacha céanna againn in Airteagal 13 de Threoir 2013/48<sup>22</sup> agus in Airteagal 9 de Threoir 2016/1919,<sup>23</sup> lena n-éilítear ar na Ballstáit a áirithiú ‘go gcuirfead riachtanais ar leith daoine leochaileacha atá faoi dhrochamhras agus daoine leochaileacha atá cúisithe san áireamh’.<sup>24</sup>

<sup>18</sup> Maidir leis an gcrític seo agus ar bhonn níos leithne maidir le drogall an Choimisiúin gníomh atá ceangailteach ó thaobh dlí a éileamh do dhaoine fásta leochaileacha agus na fadhbanna a eascraíonn as sin, féach Meysman, M. fonóta 15 op. cit., lgh. 191 go 193. Maidir leis an stair as ar roghnaigh an Coimisiún moladh sa deireadh, féach van der Aa, S., ‘Variable vulnerabilities? Comparing the rights of adult vulnerable suspects and vulnerable victims under EU Law’, *New Journal of European Criminal Law*, Iml. 7(1), 2016, lgh. 39 agus 43 go 47.

<sup>19</sup> Tá sé de cheangal ar chúirteanna náisiúnta ‘moltaí a chur san áireamh chun díospóidí a chuirtear faoina mbráid a chinneadh, go háirithe i gcás ina dtugann siad léargas ar léiriú beart náisiúnta arna nglacadh chun iad a chur chun feidhme nó i gcás ina bhfuil siad ceaptha chun forálacha ceangailteacha Comhphobail a fhorlíonadh’. Breithiúnas an 13 Nollaig 1989, *Grimaldi* (C-322/88, EU:C:1989:646, mír 18).

<sup>20</sup> Conclúidí ón gComhairle maidir le hAosaigh Shoghonta a Chosaint ar fud an Aontais Eorpaigh (IO 2021 C 330 I, lch. 1) (‘Conclúidí ón gComhairle’), lgh. 5 go 6. Sa doiciméad céanna, d’iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin ‘scrúdú a dhéanamh an gá, ar bhealach cuimsitheach, na coimircí níos imeachta a neartú d’aoisigh shoghonta ar daoine iad atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla’.

<sup>21</sup> *Ibid.*, pointe 10.

<sup>22</sup> Ina theannta sin, luaitear an méid seo a leanas in aithris 51 de Threoir 2013/48: ‘Tá an dualgas cúraim i leith daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe a d’fhéadfadh a bheith i riocht lag mar bhonn taca faoi riaradh cothrom an cheartais. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis ionchúisimh, na húdaráis forfheidhmithe dlí agus na húdaráis bhreithiúnacha feidhmiú éifeachtach chearta na ndaoine sin dá bhforáiltear sa Treoir seo a éascú, mar shampla trí aon leochaileacht a d’fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh a dhéanann difear dá gcumas an ceart rochtana ar dhlíodóir a fheidhmiú agus tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh sairse, agus trí bhearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go ráthófar na cearta sin.’  
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

<sup>23</sup> Ina theannta sin, luaitear an méid seo a leanas in aithris 18 de Threoir 2016/1919: ‘Ba cheart do na Ballstáit socruithe praiticiúla a leagan síos maidir le cúnaimh dlíthiúil a sholáthar. D’fhéadfaí a chinneadh le socruithe den sórt sin go ndéanfaítear cúnaimh dlíthiúil tar éis iarraidh a fháil ó dhuine atá faoi dhrochamhras, ó dhuine atá cúisithe nó ó dhuine iarrtha. I bhfianaise riachtanais daoine leochaileacha go háirithe, níor cheart iarraidh den sórt sin a bheith ina coinníoll substainteach, áfach, chun cúnaimh dlíthiúil a dheonú.’  
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

<sup>24</sup> Tá foráil den chineál céanna ann maidir leis an gceart chun faisnéise; féach Airteagal 3(2) de Threoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO 2012 L 142, lch. 1).

55. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, agus Airteagal 13 de Threoir 2013/48 á léiriú aici, gur cheart duine mímhéabhrach<sup>25</sup> a mheas mar dhuine leochaileach. Is amhlaidh atá, gan beann ar an bhfioras nach sonraítear go sainráite sa treoir atá i gceist catagóirí daoine leochaileacha.<sup>26</sup>

56. Comhthacaíonn cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ('ECtHR') leis an gcur chuige sin. Measadh ann go bhfuil rannpháirtíocht sa nós imeachta coiriúil éifeachtach más rud é 'go bhfuil tuiscint leathan ag an gcúisí ar chineál phróiseas na rialach agus ar a bhfuil i gceist dó, lena n-áirítear tábhacht aon phionóis a d'fhéadfaí a fhorchur'.<sup>27</sup>

57. Ina theannta sin, agus measúnú á dhéanamh ar chothroime fhoriomlán an nós imeachta coiriúil, tá liosta tosca ábhartha curtha le chéile ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, arb é an chéad cheann díobh 'an raibh an t-iarratasóir an-leochaileach, mar shampla, mar gheall ar a aois nó a chumas meabhrach'.<sup>28</sup>

58. Ar deireadh, chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine freisin go bhfuil duine fásta an-leochaileach i gcásanna alcólacht ainsealach agus/nó géarmheisce alcóil, míchumas fisiceach nó riocht sláinte é a bheith bainteach le grúpa atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, nó neamhord meabhrach.<sup>29</sup>

59. Ar an iomlán, agus gan gá sainmhíniú uileghabhálach a thabhairt ar dhuine leochaileach chun críocha an cháis seo, féadfaimid a shuí go cinnte go meastar faoi dhlí an Aontais gur daoine leochaileacha iad daoine a bhfuil neamhoird meabhracha orthu, amhail K.P.

60. Díreoidh mé anois ar na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar údaráis náisiúnta leis an dá threoir atá i gceist maidir leis an gcaoi a gcaitear le daoine leochaileacha ag an gcéim réamhthrialach de nós imeachta coiriúil agus maidir leis na cearta comhghaolmhara atá ag daoine leochaileacha.

## 2. Oibleagáidí ar údaráis náisiúnta sa nós imeachta coiriúil i gcás inar duine leochaileach an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe

61. Áitíonn an Coimisiún gur cheart Airteagal 9 de Threoir 2016/1919 a léamh mar Airteagal lena dtugtar isteach oibleagáid ar na húdaráis inniúla measúnú leochaileachta a dhéanamh i gcás ina dtagann siad ar an eolas faoi ghnéithe a thugann neamhord meabhrach nó tinneas áirithe le fios. De réir an Choimisiúin, dá ndéanfaí léamh difriúil, bhainfí an éifeacht úsáideach den fhoráil sin. Leathnaíonn an Coimisiún an léamh sin freisin chun a fháil amach nach féidir cúnamh dlíthiúil a dhiúltú do dhaoine leochaileacha gan scrúdú a dhéanamh ar dtús ar staid meabhrach an duine lena mbaineann.

<sup>25</sup> 'Ní mór, dá bhrí sin, daoine mímhéabhracha a mheas mar dhaoine leochaileacha chun críocha na forála sin ós rud é, mar gheall ar neamhord meabhrach tromchúiseach, go bhféadfadh sé nach mbeidís in ann an fhaisnéis a chuirtear ar fáil dóibh faoina gcearta a thuiscint.' Breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2019, *Rayonna prokuratura Lom* (C-467/18, EU:C:2019:765, mír 47). Tháinig an Chúirt ar an gconclúid chéanna i leith duine neamhliteartha i mbreithiúnas an 14 Bealtaine 2024, *Stachev* (C-15/24 PPU, EU:C:2024:399, mír 60).

<sup>26</sup> Breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2019, *Rayonna prokuratura Lom* (C-467/18, EU:C:2019:765, mír 48).

<sup>27</sup> ECtHR, 10 Samhain 2004, *S.C. v. an Ríocht Aontaithe* (CE:ECHR:2004:0615JUD006095800, § 29). Féach freisin ECtHR, 23 Márta 2016, *Blokhin v. an Rúis* (CE:ECHR:2016:0323JUD004715206, § 195).

<sup>28</sup> ECtHR, an 13 Meán Fómhair 2016, *Ibrahim agus páirtithe eile v. an Ríocht Aontaithe* (CE:ECHR:2016:0913JUD005054108, § 274).

<sup>29</sup> ECtHR, 31 Márta 2009, *Plonka v. an Pholainn* (CE:ECHR:2009:0331JUD002031002); 27 Eanáir 2011, *Bortnik v. an Úcráin* (CE:ECHR:2011:0127JUD003958204); 16 Márta 2010, *Oršuš agus páirtithe eile v. an Chróit* (CE:ECHR:2010:0316JUD001576603); 23 Márta 2016, *Blokhin v. an Rúis* (CE:ECHR:2016:0323JUD004715206); agus 16 Nollaig 2010, *Borotyuk v. an Úcráin* (CE:ECHR:2010:1216JUD003357904). Chun forléargas a fháil, féach Mergaerts, L. agus Dehaghani, R., 'Protecting vulnerable suspects in police investigations in Europe: Lessons learned from England and Wales and Belgium', *New Journal of European Criminal Law*, Iml. 11(3), 2020, lch. 313.

62. Ar an gcaoi chéanna, áitíonn Rialtas na Polainne go bhforáiltear le dlí na Polainne freisin gur cheart do na húdaráis inniúla cúnamh dlíthiúil a dheonú nuair a fhaigheann siad amach go bhféadfadh an duine lena mbaineann a bheith leochaileach. Murab ionann agus an Coimisiún, áfach, ní aithníonn an rialtas sin aon chineál toimhde leochaileachta atá cosúil leis an Moladh ón gCoimisiún.

63. Aontaím le Rialtas na Polainne, mar a mhínigh mé cheana,<sup>30</sup> nach bhfuil an Moladh ón gCoimisiún, ar dá réir ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh ina ndlíchórais maidir le toimhde leochaileachta i gcásanna áirithe, ceangailteach ó thaobh dlí. I ndáil leis sin, measaim freisin gur faoi na Ballstáit i gcónaí atá na módúlachtaí chun leochaileacht duine a chinneadh faoi láthair.

64. Mar sin féin, tá an ceart ag an gCoimisiún a rá go bhfágfaí Airteagal 9 de Threoir 2016/1919 – agus maidir leis an ábhar sin, Airteagal 13 de Threoir 2013/48 – gan bhrí gan oibleagáid éigin a bheith ar na húdaráis náisiúnta leochaileacht duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe a aithint agus aghaidh a thabhairt uirthi i gceart. Ní mór do chúirteanna náisiúnta an dlí náisiúnta a léiriú ionas nach bhfágfar dlí an Aontais gan bhrí.

65. Ní mór Airteagal 9 de Threoir 2016/1919 agus Airteagal 13 de Threoir 2013/48 a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leo ar na húdaráis inniúla a bheith dícheallach maidir leis an bhféidearthacht go bhfuil duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe leochaileach toisc go bhfuil deacrachtaí acu an nós imeachta a thuiscint nó páirt a ghlacadh ann.<sup>31</sup> Tá an oibleagáid sin éifeachtach go díreach. Má tá amhras ann faoi leochaileacht, ní mór do na húdaráis cúram ar leith a ghlacadh chun a áirithiú go gcosnófar na cearta a dheonaítear le Treoir 2013/48 agus le Treoir 2016/1919.

66. Maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir, in Airteagal 3(2) de Threoir 2013/48, deirtear linn gur cheart K.P., fiú mura raibh sé leochaileach, cúnamh a fháil ó dhlíodóir le linn cheistiú na bpóilíní agus, thar aon ní eile, gan moill mhíchúí tar éis chailleadh na saoirse. Tá sé níos tábhachtaí fós go n-urramófar an ceart sin má tá an duine leochaileach.

67. Dá bhrí sin, tagaim ar an gconclúid go bhfuil éifeacht dhíreach ag Airteagal 3(2) de Threoir 2013/48, arna léamh in éineacht le hAirteagal 13 de, agus nach mór iad a léiriú sa chaoi nach mór do na húdaráis inniúla, atá ar an eolas faoi leochaileacht fhéideartha duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe, a áirithiú go bhfaighidh an duine sin cúnamh ó dhlíodóir.

68. Maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú, is cosúil go bhfuil léiriú den chineál céanna diongbháilte dom.<sup>32</sup>

<sup>30</sup> Féach míreanna 46 go 53 thuas.

<sup>31</sup> Mhínigh an chúirt a rinne an tarchur gur thug póilíní faoi deara go raibh K.P. ag iompar agus ag labhairt go dothuigthe. Is cinnte gur imthoisc é sin a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leo smaoinemh ar an bhféidearthacht go bhfuil K.P. ag fulaingt ó leochaileacht áirithe.

<sup>32</sup> Foráiltear le haithris 23 de Threoir 2016/1919 gur cheart do na Ballstáit comhlíonadh Phrionsabail agus Threoirlínte na Náisiún Aontaithe maidir le Rochtain ar Chúnamh Dlíthiúil i gCórais Ceartais Choiriúil a áirithiú. Foráiltear le Prionsabal 10 de na prionsabail agus de na treoirlínte sin gur cheart do na húdaráis inniúla bearta speisialta a dhéanamh chun a áirithiú, *inter alia*, go mbeidh rochtain fhiúntach ag daoine a bhfuil meabhairghalar orthu ar chúnamh dlíthiúil. Le fáil anseo: [https://www.unodc.org/documents/justice-and-prison-reform/UN\\_principles\\_and\\_guidelines\\_on\\_access\\_to\\_legal\\_aid.pdf](https://www.unodc.org/documents/justice-and-prison-reform/UN_principles_and_guidelines_on_access_to_legal_aid.pdf)

69. I gcásanna ina bhfuil feidhm ag Treoir 2016/1919, féadfar cúnamh dlíthiúil a dheonú ar bhonn tástáil acmhainne,<sup>33</sup> tástáil fiúntais,<sup>34</sup> nó iad araon. Ar an iomlán, foráiltear le hAirteagal 4(1) den Treoir sin ‘go bhfuil an ceart chun cúnamh dlíthiúil ag daoine atá faoi dhrochamhras agus ag daoine atá cúisithe nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun íoc as cúnamh dlíodóra nuair is gá sin ar mhaithe leis an gceartas’.

70. Aontaím leis na rannpháirtithe uile sa nós imeachta seo go bhféadfaí a rannpháirtíocht éifeachtach sna himeachtaí a chur i mbaol a luaithe a shuífear leochaileacht duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe gan cúnamh dlíthiúil a sholáthar. Tá sé sin i gcomhréir le hAirteagal 4(5) de Threoir 2016/1919, lena bhforchuirtear ar na Ballstáit an oibleagáid a áirithiú go ndeonófar cúnamh dlíthiúil gan moill mhíchúil agus ar a laghad sula ndéanfaidh na póilíní an chéad cheistiú.

71. Is amhlaidh is mó é i gcás, mar atá sna príomhimeachtaí, inarb é cailleadh saoirse an pionós forordaithe.<sup>35</sup>

72. Dá bhrí sin, tagaim ar an gconclúid go bhfuil éifeacht dhíreach ag Airteagal 2(1) de Threoir 2016/1919, arna léamh in éineacht le hAirteagal 4(1) agus (5) agus Airteagal 9 de, agus nach mór é a léiriú sa chaoi nach mór do na húdaráis inniúla atá ar an eolas faoi leochaileacht fhéideartha duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe cúnamh dlíthiúil a dheonú dó. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcásanna inarb é cailleadh saoirse an smachtbhanna a fhorordaítear as an gcoir líomhnaithe.

### 3. *Conclúid maidir le leochaileacht*

73. Ní fhorchuirtear le dlí an Aontais, mar atá sé faoi láthair, oibleagáid ar na Ballstáit toimhde leochaileachta a thabhairt isteach. Is faoin dlí náisiúnta atá sé na módúlachtaí agus na nósanna imeachta beachta a fhorordú chun leochaileacht duine a chinneadh.

74. Ní mór Airteagal 9 de Threoir 2016/1919 agus Airteagal 13 de Threoir 2013/48 a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leo ar na húdaráis inniúla a bheith dícheallach maidir leis an bhféidearthacht go bhfuil duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe leochaileach toisc go bhfuil deacrachtaí acu an nós imeachta a thuiscint nó páirt a ghlacadh ann. Tá an oibleagáid sin éifeachtach go díreach. Má tá amhras ann faoi leochaileacht, ní mór do na húdaráis cúram ar leith a ghlacadh chun a áirithiú go gcosnófar na cearta a dheonaítear le Treoir 2013/48 agus le Treoir 2016/1919.

<sup>33</sup> De réir Airteagal 4(3) de Threoir 2016/1919, agus tástáil acmhainne á déanamh acu, ‘cuirfidh na Ballstáit san áireamh na tosca ábhartha agus oibiachtúla uile, amhail ioncam, caipiteal agus staid teaghlaigh an duine lena mbaineann, chomh maith leis na costais a bhaineann le cúnamh dlíodóra agus an caighdeán maireachtála sa Bhallstát sin, chun a chinneadh, i gcomhréir leis na critéir is infheidhme sa Bhallstát sin, cé acu atá nó nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag duine atá faoi dhrochamhras nó ag duine atá cúisithe chun íoc as cúnamh dlíodóra.’

<sup>34</sup> Faoi Airteagal 4(4) de Threoir 2016/1919, agus tástáil fiúntais á cur i bhfeidhm acu, ‘cuirfidh na Ballstáit san áireamh tromchúis an chiona choiriúil, castacht an cháis agus déine an smachtbhanna atá i gceist, chun a chinneadh an gá cúnamh dlíthiúil a dheonú ar mhaithe leis an gceartas. In aon chás, measfar gur comhlíonadh an tástáil fiúntais sna cásanna seo a leanas: (a) i gcás ina dtugtar duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe os comhair cúirt inniúil nó breitheamh inniúil chun cinneadh a dhéanamh maidir le coinneáil ag céim ar bith de na himeachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo; agus (b) le linn coinneála.’

<sup>35</sup> Mar shampla, liostaítear in Airteagal 4(4) de Threoir 2016/1919 ‘tromchúis an chiona choiriúil, castacht an cháis agus déine an smachtbhanna atá i gceist’ mar na dtosca a fhéadfaidh na Ballstáit a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis an tástáil fiúntais chun cúnamh dlíthiúil a dheonú.

75. Tá éifeacht dhíreach ag Airteagal 3(2) de Threoir 2013/48, arna léamh in éineacht le hAirteagal 13 de, agus tá siad le léiriú sa chaoi nach mór do na húdaráis inniúla, atá ar an eolas faoin bhféidearthacht go bhféadfadh duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe a bheith leochaileach, a áirithiú go bhfaighidh an duine sin cúnamh ó dhlíodóir.

76. Tá éifeacht dhíreach ag Airteagal 2(1) de Threoir 2016/1919, arna léamh in éineacht le hAirteagal 4(1) agus (5) agus Airteagal 9 de, agus ní mór é a léiriú sa chaoi nach mór do na húdaráis inniúla, atá ar an eolas faoin bhféidearthacht go bhféadfadh duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe a bheith leochaileach, cúnamh dlíthiúil a dheonú dó. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcásanna inarb é cailleadh saoirse an smachtbhanna a fhorordaítear as an gcoir líomhnaithe.

### ***C. Leigheasanna (ceisteanna 2 agus 10)***

77. Lena 2ú ceist agus lena 10ú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú, go bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar chinneadh chun dul ar aghaidh le ceistiú duine leochailigh gan dlíodóir agus ar chinneadh gan duine leochaileach a shainaitheint agus a aithint láithreach araon.

78. Foráiltear le hAirteagal 12 de Threoir 2013/48 agus le hAirteagal 8 de Threoir 2016/1919 araon d'oibleagáid ar na Ballstáit leigheasanna éifeachtacha a áirithiú do dhaoine atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine atá cúisithe i gcás sárú ar a gcearta faoin dá Threoir.

79. Áirítear leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil an ceart chun rochtain a fháil ar chúirt agus an chumhacht an sárú ar an gceart a mheas agus a cheartú bunaithe ar dhlí an Aontais. Dheimhnigh an Chúirt an méid sin chomh fada ó shin lena breithiúnas in *Johnston*,<sup>36</sup> agus is ann don cheanglas céanna inniu ó Airteagal 47 den Chairt.

80. Mar sin féin, ní shonraítear sna treoracha atá i gceist an iarmhairt a leanann má chinneann breitheamh gur sáraíodh an ceart rochtana ar dhlíodóir nó ar chúnamh dlíthiúil. Ina ionad sin, fágann siad an rogha sin faoi na Ballstáit, agus ní iarrann siad ach go mbeadh an leigheas a roghnófar éifeachtach.

81. Go sonrach, tá na treoracha ina dtost maidir leis an gceist an gcaithfear an fhianaise a bailíodh de shárú ar an gceart sin a dhíbhe. Feictear dom gurb é sin croílár cheist na cúirte a rinne an tarchur an bhfuil gníomhartha áirithe de chuid na n-údarás a rinneadh le linn an nós imeachta imscrúdaithe faoi réir athbhreithniú breithiúnach.

82. Cuireann na rannpháirtithe ina mbarúlacha i scríbhinn chuig an gCúirt, go háirithe chuig Oifig an Ionchúisitheora Dúiche, béim mhór ar an bhfioras nach bhfuil riail sa dá fhoráil thuasluaite gur cheart don chúirt náisiúnta a chinneadh go bhfuil an fhianaise a bailíodh de shárú ar na treoracha neamh-inghlactha, ábhar nach rialaítear le dlí an Aontais ar chor ar bith.

<sup>36</sup> Breithiúnas an 15 Bealtaine 1986, *Johnston* (222/84, EU:C:1986:206, mír 58).

83. Ag glacadh leis an tuairim chéanna a rinne mé i gCás *M.S. agus páirtithe eile*,<sup>37</sup> aontaím le hargóint Oifig an Ionchúisitheora Dúiche: ní rialaítear faoi láthair le reachtaíocht ábhartha an Aontais inghlacthacht na fianaise i nósanna imeachta coiriúla náisiúnta. Faoi láthair, is faoin dlí náisiúnta atá an tsaincheist maidir le hinghlacthacht na fianaise.<sup>38</sup>

84. I gcás ina bhfuil feidhm ag dlí an Aontais, áfach, ní mór nach sáraítear Airteagail 47 agus 48 den Chairt le forálacha ábhartha náisiúnta.<sup>39</sup>

85. I mo thuairimse, ceanglaítear le hurraim do chearta bunúsacha, mar a chumhdaítear in Airteagail 47 agus 48 den Chairt, go mbeidh an tsolúbthacht is gá ag breithiúna náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar chothroime fhoriomlán an nós imeachta. Má mheasann siad nach mór piosa fianaise a eisiamh toisc gur bailíodh é de shárú ar chearta na cosanta, ba cheart é a bheith de shaoirse acu é a eisiamh. Is é sin le rá, ní rialaítear le dlí an Aontais inghlacthacht na fianaise, ach cuirtear cosc leis ar an dlí náisiúnta teorainn a chur le cumhachtaí bhreithiúna na trialach gan bhac chun meastóireacht a dhéanamh ar fhianaise agus aon iarmhairt a mheasann siad a bheith riachtanach a bhaint as measúnú den sórt sin.<sup>40</sup>

86. Tá cur chuige den chineál céanna ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine freisin,<sup>41</sup> a mheas nach rialaítear leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine inghlacthacht na fianaise, ós rud é go bhfuil sé teoranta do mheasúnú ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh dochar do chothroime fhoriomlán an nós imeachta.<sup>42</sup>

87. Mar fhocal scoir, ceanglaítear le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí go mbeidh aon sárú ar cheart atá bunaithe faoi dhlí an Aontais faoi réir athbhreithniú breithiúnach. Ní shonraítear in Airteagal 12 de Threoir 2013/48 agus in Airteagal 8 de Threoir 2016/1919, áfach, na leigheasanna iomchuí, ach ina ionad sin fágtar an rogha sin faoi na Ballstáit, agus ní iarrtar orthu ach go mbeadh an leigheas a roghnófar éifeachtach. Mar sin féin, le hurraim do chearta bunúsacha, mar a chumhdaítear in Airteagail 47 agus 48 den Chairt, ceanglaítear go mbeidh an tsolúbthacht is gá ag breithiúna náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar chothroime fhoriomlán an nós imeachta. Má mheasann siad nach mór piosa fianaise a eisiamh toisc gur bailíodh é de shárú ar chearta nós imeachta arb ionann é agus sárú ar chearta na cosanta, ba cheart é a bheith de shaoirse acu é a eisiamh.

<sup>37</sup> Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Ćapeta in *M.S. agus páirtithe eile (Cearta nós imeachta mionaioiseach)* (C-603/22, EU:C:2024:157, míreanna 118 go 127).

<sup>38</sup> Dheimhnigh an Chúirt an méid sin i leith Threoir 2016/800 i mbreithiúnas an 5 Meán Fómhair 2024, *M.S. agus páirtithe eile (Cearta nós imeachta mionaioiseach)* (C-603/22, EU:C:2024:685, míreanna 169 go 174). Is féidir teacht ar an eisceacht sin i léiriú na Cúirte ar Airteagal 14(7) de Threoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO 2014 L 130, lch. 1). Féach breithiúnas an 30 Aibreán 2024, *M.N. (EncroChat)* (C-670/22, EU:C:2024:372, míreanna 126 go 131).

<sup>39</sup> Breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Rayonna prokuratura Lovech, teritorialno otdelenie Lukovit (Cuardach pearsanta)* (C-209/22, EU:C:2023:634, míreanna 58 go 61).

<sup>40</sup> Maidir leis an gcinneadh céanna i ndáil le Treoir 2016/800, inar leanaí iad na daoine leochaileacha, féach breithiúnas an 5 Meán Fómhair 2024, *M.S. agus páirtithe eile (Cearta nós imeachta mionaioiseach)* (C-603/22, EU:C:2024:685, míreanna 167, 168, agus 174).

<sup>41</sup> ECtHR, 12 Iúil 1988, *Schenk v. an Eilvéis* (CE:ECHR:1988:0712JUD001086284, §§ 45 agus 46); 1 Márta 2007, *Heglas v. Poblacht na Seice* (CE:ECHR:2007:0301JUD000593502, § 84); agus 11 Iúil 2017, *Moreira Ferreira v. an Phortaingéil* (Uimh. 2) (CE:ECHR:2017:0711JUD001986712, § 83).

<sup>42</sup> Cúirt Eorpach um Chearta an Duine, an 17 Eanáir 2017, *Habran agus Dalem v an Bheilg* (CE:ECHR:2017:0117JUD004300011, § 94).

**D. Íde mhídhaonna nó tháireach (ceist a dó dhéag)**

88. Ina dara ceist déag, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an íde mhídhaonna nó tháireach faoi Airteagal 4 den Chairt atá i gceist le póilín nó duine eile atá údaraithe duine atá faoi dhrochamhras a cheistiú in ospidéal síciatrach gan aird a thabhairt ar staid na héiginnteachta agus faoi choinníollacha saoirse an-teoranta chun tuairimí a thabhairt agus leochaileacht mheabhrach shonrach orthu agus gan dlíodóir a bheith i láthair.

89. I gcomhréir le hAirteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé comhthéacs fíorasach agus reachtach na gceisteanna atá á gcur aici a shainiú nó, ar a laghad, na himthosca fíorasacha ar a bhfuil na ceisteanna sin bunaithe a mhíniú.<sup>43</sup>

90. Mhínigh an chúirt a rinne an tarchur san ordú tarchuir go raibh K.P. in ospidéal síciatrach nuair a cheistigh na póilíní é an 14 Deireadh Fómhair 2022. Níl aon sonraí breise ann, áfach, maidir leis an gceistiú sin a chuirfeadh ar chumas na Cúirte treoraíocht a thabhairt maidir leis an sárú féideartha ar an toirmeasc ar íde mhídhaonna nó tháireach.

91. Ar an gcúis sin, mar gheall ar easpa faisnéis leordhóthanach, measaim gur cheart don Chúirt a dhearbhu go bhfuil an 12ú ceist neamh-inghlactha.

92. Mar sin féin, ar mhaithe le hiomláine, d'fhéadfadh an Chúirt na paraiméadair ábhartha a sholáthar don chúirt náisiúnta, paraiméadair a fhéadfaidh an chúirt náisiúnta a úsáid ansin agus na fíorais á suí aici agus cinneadh á dhéanamh aici maidir le sárú féideartha ar an toirmeasc ar íde mhídhaonna nó tháireach.

93. Chinn an Chúirt in *Jawo*,<sup>44</sup> go bhfuil an raon feidhme céanna ag Airteagal 4 den Chairt agus ag Airteagal 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus go bhfuil an bhrí céanna leo. Tá sé úsáideach, dá bhrí sin, tagairt a dhéanamh do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.<sup>45</sup>

94. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le híde mhídhaonna nó tháireach a bheith á tabhairt do dhuine leochaileach i nós imeachta coiriúil, chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine in *Khlaifia agus páirtithe eile v an Iodáil* go bhfuil an measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an íde mhídhaonna nó tháireach 'coibhneasta agus go mbraitheann sé ar imthosca uile an cháis, go príomha fad na híde, a héifeachtaí fisiciúla nó meabhracha agus, i gcásanna áirithe, gnéas, aois agus staid sláinte an íospartaigh'.<sup>46</sup>

95. Chuir an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine samplaí ar fáil den mhéid a d'fhéadfadh sí a chur san áireamh agus déine na híde á cinneadh ar bhonn cás ar chás. Ar na samplaí sin bhí an chúis ar tugadh an drochíde, mar aon leis an rún nó an spreagadh a bhí taobh thiar di; an

<sup>43</sup> Breithiúnas an 21 Márta 2024, *Remia Com Impex* (C-10/23, EU:C:2024:259, mír 29).

<sup>44</sup> Breithiúnas an 19 Márta 2019, *Jawo* (C-163/17, EU:C:2019:218, mír 91).

<sup>45</sup> Mar a rinne an Chúirt roinnt uaireanta, mar shampla, i mbreithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córás araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596, mír 165).

<sup>46</sup> ECtHR, 15 Nollaig 2016, *Khlaifia agus páirtithe eile Á an Iodáil* (CE:ECHR:2016:1215JUD001648312 § 159).

comhthéacs inar tugadh an drochíde sin, amhail atmaisféar teannais agus mothúchán méadaithe; an bhfuil an t-íospartach i staid leochaileach, rud a tharlaíonn de ghnáth i gcás daoine ar cailleadh a saoirse.<sup>47</sup>

96. Is é an rud a d'fhéadfaí a bhaint de thátal as go cinnte nach íde mhídhaonna tháireach é K.P. a cheistiú gan dlíodóir agus é in ospidéal síciatrach, agus an fíoras sin amháin, nuair a dhéantar é a mheas in aghaidh chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine thuasluaite.

97. Mar sin féin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé measúnú a dhéanamh ar na fíorais agus aon chinneadh a dhéanamh maidir le sárú féideartha ar Airteagal 4 den Chairt.

### ***E. Éifeacht dhíreach (Ceisteanna 4, 5, 6, 8, 11, 13 agus 14)***

98. I gCeisteanna 4, 5, 6, 8, 11, 13 agus 14, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur faoi na hiarmhairtí nach mór a bhaint as éifeacht dhíreach fhorálacha ábhartha na dtreoracha atá i gceist.

99. Áitíonn Oifig an Ionchúisitheora Dúiche, Rialtas na Polainne, agus an Coimisiún nach mbaineann Ceist 14, a bhaineann le hoibleagáidí an ionchúisitheora phoiblí le linn na céime réamhthrialach den nós imeachta coiriúil, le hábhar i dtaca le réiteach an cháis os comhair na cúirte a rinne an tarchur agus dá bhrí sin go bhfuil sí neamh-inghlactha mar sin.

100. Ní aontaím. Tá sé ábhartha don chúirt a rinne an tarchur an raibh gníomhartha an ionchúisitheora phoiblí ag an gcéim réamhthrialach i gcomhréir le dlí an Aontais chun measúnú ceart a dhéanamh ar an bhfianaise atá os a comhair, agus b'fhéidir an fhianaise sin a eisiáimh. Tá mé den tuairim, dá bhrí sin, go bhfuil Ceist 14 inghlactha.

101. Ba cheart a lua freisin go n-áitíonn Oifig an Ionchúisitheora Dúiche ina mbarúlacha i scríbhinn nach bhfuil aon fhadhb leis na forálacha náisiúnta atá i gceist ó thaobh dhlí an Aontais de, ach, ina ionad sin, go ndearna na daoine a bhfuil baint acu leis an nós imeachta earráidí agus easnaimh i leith K.P.

102. Ós rud é gur ceist í seo ar deireadh thiar don chúirt tagartha a shuí, sa mhéid seo a leanas, ní dhéanfaidh mé anois ach achoimre ar na hiarmhairtí a eascraíonn as cás ina bhfuil dlí ábhartha an Aontais, arna léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais, éagsúil leis an dlí náisiúnta mar a thuig an chúirt a rinne an tarchur é.

103. Is iomaí uair a mhínigh an Chúirt cheana ina cásdlí na hiarmhairtí na héifeachta díri go minic ina cásdlí. Ar an gcaoi chéanna a rinne mé i gCás *M.S. agus páirtithe eile*,<sup>48</sup> cuirfidh mé srian orm féin dá bhrí sin gan ach na hiarmhairtí is tábhachtaí a bhaineann leis an gcás seo a athrá.

104. De bhua Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 267, an chéad mhír, CFAE, tá dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais gan ach dlí an Aontais a léiriú, cé go bhfuil an chumhacht eisiach ag cúirteanna náisiúnta an dlí náisiúnta a léiriú.<sup>49</sup>

<sup>47</sup> Chuir an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine leis sin 'faoin bhforáil seo, nach mór don Stát a áirithiú go gcoinneofar duine i ndálaí atá comhoiriúnach leis an urraim do dhíne an duine, nach gcuirfidh modh agus modh forghníomhaithe an bhirt anacair ná cruatan air de dhéine atá níos mó ná na leibhéal dosheachanta fulaingthe is gné dhílis de choinneáil agus, i bhfianaise éilimh phraiticiúla na príosúnachta, go ndéanfar a shláinte agus a fholláine a áirithiú go leordhóthanach.' *ibid.*, mír 160.

<sup>48</sup> Mo Thuairim in *M.S. agus páirtithe eile (Cearta nós imeachta mionaoiseach)* (C-603/22, EU:C:2024:157, pointí 128 go 135).

<sup>49</sup> Breithiúnais an 17 Meitheamh 1999, *Piaggio* (C-295/97, EU:C:1999:313, mír 29), agus an 15 Eanáir 2013, *Križan agus páirtithe eile* (C-416/10, EU:C:2013:8, mír 58).

105. De réir roinnt dhocht an tsaothair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta, níl sé de chumhacht ag na cúirteanna náisiúnta rialú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an dlí náisiúnta do dhlí an Aontais.<sup>50</sup> Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, a luaithe a gheobhaidh sí an freagra ón gCúirt, na hiarmhairtí is gá a tharraingt ar an dlí náisiúnta is infheidhme.<sup>51</sup>

106. Is iad seo a leanas iarmhairtí an chinnidh a d'fhéadfadh cúirt náisiúnta a dhéanamh maidir le neamhréireacht idir an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais.

107. Más féidir leis an gcúirt náisiúnta forálacha an dlí náisiúnta atá ann cheana a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais mar a léirmhíneann an Chúirt é, ba cheart di é sin a dhéanamh.<sup>52</sup> Mar thoradh ar léiriú comhréireach den sórt sin ar an dlí náisiúnta agus ar a chur i bhfeidhm, ba cheart go mbeadh an toradh céanna ag an gcúirt a rinne an tarchur agus atá ag dlí an Aontais is infheidhme. Sa chás i dtrácht, ciallaíonn sé sin nach mór ceart a bheith ann do dhuine leochaileach go gcinnfidh údaráis inniúla a leochaileacht agus go ndéanfar é a cheistiú i láthair dlíodóra nó, mura bhfuil dlíodóir aige, go gcuirfear cúnaimh dlíthiúil ar fáil dó.

108. Mura féidir le cúirt náisiúnta an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais, tagann prionsabal na héifeachta díri i bhfeidhm. De réir an phrionsabail sin, féadfaidh daoine aonair a gcearta a éileamh faoi dhlí an Aontais trí bhrath go díreach ar fhorálacha dhlí an Aontais os comhair na gcúirteanna náisiúnta agus tá sé d'oibleagáid ar na cúirteanna náisiúnta mar sin na cearta sin a aithint trí fhoráil ábhartha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm go díreach.<sup>53</sup>

109. Má thagann na cearta sin salach ar an méid dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta, cumhachtaítear le dlí an Aontais sa chaoi sin do chúirteanna náisiúnta forálacha contrártha den sórt sin sa dlí náisiúnta a chur i leataobh. Eascraíonn an cumhachtú sin as éifeacht chomhcheangailte phrionsabail bhunreachtúla an Aontais maidir le héifeacht dhíreach agus tosaíocht dhlí an Aontais Eorpaigh.<sup>54</sup>

110. I mbeagán focal, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur iarracht a dhéanamh deireadh a chur le haon chonstaic a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haitheantas a thabhairt do chearta faoi dhlí an Aontais trí fhorálacha ábhartha an dlí náisiúnta a léiriú ar bhealach comhréireach. Má tá sé dodhéanta léiriú comhréireach a dhéanamh, ní mór don chúirt a rinne an tarchur na rialacha náisiúnta atá ag teacht salach ar a chéile a chur i leataobh agus cosaint a thabhairt do na cearta sin faoi dhlí an Aontais.

111. Ar deireadh, ní hiad na cúirteanna náisiúnta amháin atá le lánéifeacht a thabhairt d'fhorálacha dhlí an Aontais,<sup>55</sup> ach údaráis riaracháin náisiúnta freisin, agus gach orgán Stáit eile.<sup>56</sup> Dá bhrí sin, tá léiriú comhréireach, éifeacht dhíreach agus tosaíocht dhlí an Aontais ina gceangal ar gach comhlacht Stáit, a gceanglaítear orthu freisin cearta a aithint faoi dhlí an Aontais.

<sup>50</sup> Breithiúnas an 21 Eanáir 1993, *Deutsche Shell* (C-188/91, EU:C:1993:24, mír 27).

<sup>51</sup> Féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Meitheamh 1999, *Piaggio* (C-295/97, EU:C:1999:313, mír 32).

<sup>52</sup> Breithiúnas an 13 Samhain 1990, *Marleasing* (C-106/89, EU:C:1990:395, mír 8), agus an 24 Eanáir 2012, *Dominguez* (C-282/10, EU:C:2012:33, míreanna 23 go 27).

<sup>53</sup> Breithiúnas an 5 Feabhra 1963, *van Gend & Loos* (26/62, EU:C:1963:1, lch. 13); an 8 Márta 2022, *Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld (Éifeacht dhíreach)* (C-205/20, EU:C:2022:168, mír 37); agus an 5 Meán Fómhair 2024, *M.S. agus Páirtithe Eile (Cearta nós imeachta mionaoiseach)* (C-603/22, EU:C:2024:685, mír 118).

<sup>54</sup> Féach, mar shampla, breithiúnas an 18 Eanáir 2022, *Thelen Technopark Berlin* (C-261/20, EU:C:2022:33, míreanna 25 agus 26), agus an 24 Meitheamh 2019, *Poplawski* (C-573/17, EU:C:2019:530, míreanna 53 agus 54).

<sup>55</sup> Breithiúnas an 22 Meitheamh 1989, *Costanzo* (103/88, EU:C:1989:256, mír 31).

<sup>56</sup> Breithiúnas an 4 Nollaig 2018, *An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Coimisinéir an Gharda Síochána* (C-378/17, EU:C:2018:979, mír 38).

112. Ciallaíonn sé sin, le linn na céime réamhthrialach de nós imeachta coiriúil, nach mór don ionchúisitheoir poiblí agus do na póilíní cearta daoine leochaileacha agus a n-oibleagáidí comhghaolmhara féin a aithint go díreach bunaithe ar na treoracha ábhartha. Ní mór dóibh an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir leis na torthaí mar a cheanglaítear leis na treoracha sin. De rogha air sin, tá sé d'oibleagáid orthu rialacha an dlí náisiúnta a chur i leataobh chun cosaint daoine leochaileacha a chumasú, mar a cheanglaítear freisin leis na treoracha sin. Áirítear leis sin aon riail dlí náisiúnta lena gcuirfí cosc ar ionchúisitheoir poiblí a láimhseálann an cás éifeacht iomlán a thabhairt do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais, amhail treoracha ceangailteacha ó ionchúisitheoir poiblí uachtarach, nó ó aon chomhlacht eile.

113. Mura dtugann an t-ionchúisitheoir poiblí, nó comhlacht eile a láimhseálann an nós imeachta coiriúil, lánéifeacht do dhlí an Aontais (trí gan rialacha náisiúnta a léiriú ionas go mbeidh siad i gcomhréir le dlí an Aontais, nó trí rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm atá contrártha le dlí an Aontais), ní mór don chúirt a bhfuil an triail choiriúil ar feitheamh os a comhair a chinneadh gur sháraigh na comhlachtaí Stáit sin a n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais.

### ***F. Neamhspleáchas an ionchúisitheora phoiblí***

114. Ina 15ú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gceanglaítear le hAirteagal 2 CAE, le hAirteagal 19(1) CAE, leis an smacht reachta, le prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna agus le hAirteagal 47 den Chairt go mbeadh ionchúisitheoir poiblí neamhspleách.

115. Tá amhras ar Oifig an Ionchúisitheora Dúiche, ar Rialtas na Polainne agus ar an gCoimisiún maidir le hinghlachtacht na ceiste sin.

116. Tá sé seanbhunaithe i gcásdlí na Cúirte i ndáil le ceisteanna ó chúirt náisiúnta, 'sa chomhthéacs fíorasach agus reachtach a bhfuil an chúirt sin freagrach as a shainiú, agus nach faoin gCúirt atá sé a chruinneas a chinneadh, go mbaineann toimhde ábharthachta leo'.<sup>57</sup> Mar sin féin, má mheasann an Chúirt nach bhfuil gá leis an bhfreagra ar na ceisteanna a tharchuirtear chun é a chur ar a cumas don chúirt a rinne an tarchur breithiúnas a thabhairt sa chás atá os a comhair, diúltóidh sí dá dlínse.<sup>58</sup>

117. Ní fheictear dom go bhfuil baint dhíreach ag ceist a bhaineann le heagrú ginearálta ionchúisimh phoiblí sa Pholainn leis an nós imeachta coiriúil atá ar feitheamh os comhair na cúirte a rinne an tarchur. Gan beann ar neamhspleáchas an ionchúisitheora phoiblí ar an bhfeidhmeannas, tá siad faoi oibleagáid cearta daoine leochaileacha a áirithiú i nós imeachta coiriúil, ar cearta iad a dtairbhíonn siad díobh bunaithe ar dhlí an Aontais.<sup>59</sup>

118. Dá bhrí sin, molaim don Chúirt a dhearbhu go bhfuil an 15ú ceist neamh-inghlachta.

<sup>57</sup> Breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *Inspektor v Inspektorata kam Visshia sadeben savet (Cuspóirí na próiseála sonraí pearsanta – Imscrúdú coiriúil)* (C-180/21, AE:C:2022:967, mír 66).

<sup>58</sup> Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Miasto Łowicz agus Prokurator Generalny* (C-558/18 agus C-563/18, EU:C:2020:234, míreanna 43 agus 45).

<sup>59</sup> Chomhfhreagraíonn an 15ú ceist beagnach focal ar fhocal do cheist 14(b) a cuireadh i gCás *M.S. agus páirtithe eile*. Mar a luaigh mé i mo Thuairim sa chás sin, bhí an cheist sin neamh-inghlachta toisc go raibh sí, mar atá sa chás seo, bainte de chomhthéacs an cháis sin, agus dá bhrí sin is ceist hipitéiseach í. Féach mo Thuairim in *M.S. agus páirtithe eile (Cearta nós imeachta mionaoiseach)* (C-603/22, EU:C:2024:157, pointí 54 go 59).

## V. Conclúid

119. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais na ceisteanna a tharchuir Sąd Rejonowy we Włocławku (Cúirt Dúiche, Włocławek, an Pholainn) le haghaidh réamhrialú mar seo a leanas:

- (1) Mar fhreagairt ar an 1ú, 2ú, 3ú, 7ú, 9ú agus 10ú ceist ón gcúirt a rinne an tarchur, ní fhorchuirtear le dlí an Aontais, mar atá sé faoi láthair, oibleagáid ar na Ballstáit toimhde leochaileachta a thabhairt isteach. Is faoin dlí náisiúnta atá sé na módúlachtaí agus na nósanna imeachta beachta a fhorordú chun leochaileacht duine a chinneadh.

Ní mór Airteagal 9 de Threoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus Airteagal 13 de Threoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach, agus maidir leis an gceart tríú páirtí a chur ar an eolas ar chailleadh saoirse agus cumarsáid a dhéanamh le tríú páirtithe agus le húdaráis chonsalacha nuair a chailtear an tsaoirse a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leo ar na húdaráis inniúla a bheith dícheallach maidir leis an bhféidearthacht go bhfuil duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe leochaileach toisc go bhfuil deacrachtaí acu an nós imeachta a thuiscint nó páirt a ghlacadh ann. Tá an oibleagáid sin éifeachtach go díreach. Má tá amhras ann faoi leochaileacht, ní mór do na húdaráis cúram ar leith a ghlacadh chun a áirithiú go gcosnófar na cearta a dheonaítear le Treoir 2013/48 agus le Treoir 2016/1919.

Tá éifeacht dhíreach ag Airteagal 3(2) de Threoir 2013/48, arna léamh in éineacht le hAirteagal 13 de, agus tá siad le léiriú sa chaoi nach mór do na húdaráis inniúla, atá ar an eolas faoin bhféidearthacht go bhféadfadh duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe a bheith leochaileach, a áirithiú go bhfaighidh an duine sin cúnamh ó dhlíodóir.

Tá éifeacht dhíreach ag Airteagal 2(1) de Threoir 2016/1919, arna léamh in éineacht le hAirteagal 4(1) agus (5) agus Airteagal 9 de, agus ní mór é a léiriú sa chaoi nach mór do na húdaráis inniúla, atá ar an eolas faoin bhféidearthacht go bhféadfadh duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe a bheith leochaileach, cúnamh dlíthiúil a dheonú don duine sin. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcásanna inarb é cailleadh saoirse an smachtbhanna a fhorordaítear as an gcoir líomhnaithe.

- (2) Mar fhreagra ar an 2ú ceist agus ar an 10ú ceist ón gcúirt a rinne an tarchur, ceanglaítear le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí go mbeidh aon sárú ar cheart faoi dhlí an Aontais faoi réir athbhreithniú breithiúnach. Ní shonraítear in Airteagal 12 de Threoir 2013/48 agus in Airteagal 8 de Threoir 2016/1919, áfach, na leigheasanna iomchuí, ach ina ionad sin fágtar an rogha sin faoi na Ballstáit, agus ní iarrtar orthu ach go mbeadh an leigheas a roghnófar éifeachtach. Mar sin féin, le hurraim do na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 47 agus 48 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear go mbeidh an tsolúbthacht is gá ag breithiúna náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar chothroime fhoriomlán an nós imeachta. Má mheasann siad nach mór píosa fianaise a eisiamh toisc gur bailíodh é de shárú ar chearta nós imeachta arb ionann é agus sárú ar chearta na cosanta, ba cheart é a bheith de shaoirse acu é a eisiamh.

- (3) Mar gheall ar easpa faisnéis leordhóthanach, tá an 12ú ceist neamh-inghlactha.

- (4) Mar fhreagairt ar an 4ú, 5ú, 6ú, 8ú, 11ú, 13ú agus 14ú ceist, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur deireadh a chur le haon bhacainn a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haitheantas a thabhairt do na cearta atá éifeachtach go díreach a thugtar le Treoir 2013/48 agus le Treoir 2016/1919 tríd an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir leo. Mura féidir é sin a dhéanamh, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur rialacha contrártha an dlí náisiúnta a chur i leataobh bunaithe ar éifeacht dhíreach agus ar thosaíocht dhlí an Aontais. Tá léiriú comhréireach, éifeacht dhíreach agus tosaíocht dhlí an Aontais ina gceangal ar gach comhlacht Stáit a gceanglaítear orthu freisin cearta a aithint faoi dhlí an Aontais. Ciallaíonn sé sin, ag an gcéim réamhthrialach den nós imeachta coiriúil, go bhfuil sé de cheangal ar an ionchúisitheoir poiblí agus ar na póilíní cearta daoine leochaileacha agus a n-oibleagáidí comhghaolmhara féin a aithint go díreach bunaithe ar na treoracha ábhartha. Mura ndéanann siad amhlaidh, ní mór don chúirt a bhfuil an triail choiriúil ar feitheamh os a comhair a chinneadh gur sháraigh na comhlachtaí Stáit sin a n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais.
- (5) Mar gheall ar an easpa ábharthacht dhíreach i dtaca leis na príomhimeachtaí os comhair na cúirte a rinne an tarchur, tá an cúigiú ceist déag neamh-inghlactha.